2026/1807

27.7.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1807 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Iúil 2026

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2299 a mhéid a bhaineann le hoibleagáidí tuairiscithe nua agus modhnaithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 94/22/CE, Treoir 98/70/CE, Treoir 2009/31/CE, Treoir 2009/73/CE, Treoir 2010/31/AE, Treoir 2012/27/AE, agus Treoir 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), go háirithe Airteagal 17(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 17(1) de Rialachán (AE) 2018/1999, ceanglaítear ar na Ballstáit tuarascáil a dhéanamh gach 2 bhliain maidir le stádas cur chun feidhme a bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide trí thuarascálacha comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide ar dhul chun cinn.

(2) Ceanglaítear ar na Ballstáit a dtuarascálacha comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide ar dhul chun cinn a tharraingt suas i gcomhréir le sraith teimpléad tuairiscithe atá sna hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2299 ón gCoimisiún ([2]).

(3) Ceanglaítear le reachtaíocht earnálach, go sonrach Treoracha (AE) 2018/2001 ([3]), (AE) 2023/1791 ([4]), (AE) 2024/1275 ([5]), agus (AE) 2024/1788 ([6]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, faisnéis áirithe a ionchorprú sna tuarascálacha comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide ar dhul chun cinn.

(4) Glacadh nó leasaíodh na Treoracha sin tar éis ghlacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2299 agus tá oibleagáidí tuairiscithe breise iontu, oibleagáidí ba cheart a léiriú sna teimpléid tuairiscithe atá i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2299.

(5) Le Treoir (AE) 2023/2413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]), ionchorpraítear in Airteagal 3(4), pointe (a), agus in Airteagal 15(8) de Threoir (AE) 2018/2001 oibleagáidí tuairiscithe nua do na Ballstáit ar dá réir nach mór dóibh tuairisc a thabhairt ar a mbeartais agus ar a mbearta lena gcuirtear glacadh comhaontuithe ceannacháin fuinnimh in-athnuaite chun cinn. Ionchorpraítear ann freisin in Airteagal 22 a(1) agus (3), agus in

([1]) IO L 328, 21.12.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1999/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2299 ón gCoimisiún an 15 Samhain 2022 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an struchtúr, an fhormáid, na sonraí teicniúla agus an próiseas le haghaidh na dtuarascálacha comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide ar dhul chun cinn (IO L 306, 25.11.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/2299/oj).

([3]) Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2018/2001/oj).

([4]) Treoir (AE) 2023/1791 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/955 (IO L 231, 20.9.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/1791/oj.

([5]) Treoir (AE) 2024/1275 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (IO L, 2024/1275, 8.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1275/oj).

([6]) Treoir (AE) 2024/1788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le rialacha comhchoiteanna do na margaí inmheánacha do ghás in-athnuaite, do ghás nádúrtha agus do hidrigin, lena leasaítear Treoir (AE) 2023/1791 agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/73/CE (IO L, 2024/1788, 15.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1788/oj).

([7]) Treoir (AE) 2023/2413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001, Rialachán (AE) 2018/1999 agus Treoir 98/70/CE a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle (IO L, 2023/2413, 31.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/2413/oj).

Airteagal 22 b, faoi seach, de Threoir (AE) 2018/2001, ceanglais ar na Ballstáit tuairisciú a dhéanamh ar na beartais agus na bearta a rinneadh nó atá beartaithe chun fuinneamh in-athnuaite a phríomhshruthú sa tionsclaíocht, tuairisciú a dhéanamh ar an méid breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a bhfuil coinne acu lena n-allmhairiú agus lena n-onnmhairiú nó a úsáidtear i dtéamh agus fuarú ceantair, agus tuairisciú a dhéanamh i dtaobh an laghdaíonn siad an sprioc maidir le húsáid breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch in earnáil na tionsclaíochta. Thairis sin, le Treoir (AE) 2023/2413 ionchorpraítear in Airteagail 23, 24 agus 25 de Threoir (AE) 2018/2001 ceanglais ar na Ballstáit tuairisciú a dhéanamh ar phríomhshruthú an fhuinnimh in-athnuaite i dtéamh agus i bhfuarú, go háirithe, i dtéamh ceantair, agus ar sciar an fhuinnimh in-athnuaite agus ar an laghdú ar dhéine gás ceaptha teasa in earnáil an iompair.

(6) Le Treoir (AE) 2023/1791 tugtar isteach oibleagáidí tuairiscithe nua nó athbhreithnithe, lena n-áirítear oibleagáidí maidir le tomhaltas fuinnimh comhlachtaí poiblí, maidir le soláthar poiblí atá tíosach ar fhuinneamh, maidir le cur i bhfeidhm bhunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh agus maidir le maoiniú na héifeachtúlachta fuinnimh. Ceanglaítear le hAirteagal 3(5) den Treoir sin tuairisciú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh á chur san áireamh agus ar ghníomhaíochtaí a dhéantar chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar a chur chun feidhme, agus ceanglaítear le hAirteagal 5 ar na Ballstáit tuairisciú a dhéanamh ar an laghdú ar thomhaltas fuinnimh arna bhaint amach ag comhlachtaí poiblí. Le hAirteagal 6 de Threoir 2023/1791 leathnaítear an creat tuairiscithe a leagtar amach i gcuid 2, pointí (f) agus (g) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1999 chun athchóirithe ar fhoirgnimh uile na gcomhlachtaí poiblí a chur san áireamh.

(7) Le hAirteagal 7(8) de Threoir (AE) 2023/1791, ceanglaítear ar na Ballstáit tuarascáil a thabhairt ar bhearta a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar sholáthar poiblí atá tíosach ar fhuinneamh. Le hAirteagal 8(4), ceanglaítear ar na Ballstáit faisnéis a chur isteach maidir leis an gcoigilteas fuinnimh a bhaintear amach i measc teaghlach a ndéanann an bhochtaineacht fuinnimh difear dóibh agus i measc grúpaí leochaileacha. Le hAirteagal 8(10) agus (11) ceanglaítear ar na Ballstáit tuairisc a thabhairt ar chur chun feidhme na hoibleagáide maidir le coigilteas fuinnimh agus tuairisc a thabhairt ar na beartais agus ar na bearta a cuireadh chun feidhme. Leagtar amach in Airteagal 9, agus in Airteagal 10(3) agus (4) ceanglais tuairiscithe maidir le scéimeanna um oibleagáid éifeachtúlachta fuinnimh agus bearta beartais malartacha. Le hAirteagal 24(2) ceanglaítear ar na Ballstáit tuairisc a thabhairt ar bhearta feabhsaithe éifeachtúlachta fuinnimh agus ar bhearta gaolmhara cosanta tomhaltóirí nó faisnéise. Le hAirteagal 25(5), ceanglaítear ar na Ballstáit tuairisc a thabhairt ar na beartais agus ar na bearta a tugadh isteach ina bpleananna téimh agus fuaraithe. Le hAirteagal 30(17), ceanglaítear ar na Ballstáit, i measc nithe eile, tuairisc a thabhairt ar mhéid na n-infheistíochtaí poiblí in éifeachtúlacht fuinnimh, ar mhéid na dtáirgí iasachtaithe éifeachtúlachta fuinnimh agus ar na cláir maoiniúcháin náisiúnta a cuireadh ar bun.

(8) Le hAirteagal 3 de Threoir (AE) 2024/1275 agus le hIarscríbhinn II a ghabhann léi, bunaítear oibleagáidí tuairiscithe nua nó athbhreithnithe atá le háireamh sna tuarascálacha comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide ar dhul chun cinn, oibleagáidí tuairiscithe maidir le rannchuidiú na hearnála tógála le spriocanna náisiúnta agus spriocanna an Aontais, agus maidir leis an dul chun cinn foriomlán i dtéarmaí an stoic náisiúnta foirgneamh cónaithe agus neamhchónaithe, idir phoiblí agus phríobháideach, a athchóiriú.

(9) Chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn sa mhargadh miondíola fuinnimh, ceanglaítear le hAirteagal 4, pointe (d) de Rialachán (AE) 2018/1999 ar na Ballstáit a gcuspóirí náisiúnta a bhaineann leis an margadh inmheánach fuinnimh a áireamh ina bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide. Thairis sin, ceanglaítear ar na Ballstáit cur chun feidhme praghsanna soláthair atá bunaithe ar an margadh gáis dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Threoir (AE) 2024/1788 a áireamh ina dtuarascálacha comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide ar dhul chun cinn, i gcomhréir le mír 9 den Airteagal sin.

(10) Cuireadh dhá thimthriall tuairiscithe i gcrích, in 2023 agus 2025, ó glacadh Rialachán (AE) 2018/1999 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2299. Sa 'Mheasúnú ar dhul chun cinn i dtreo chuspóirí an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide' is déanaí ([8]), tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur léiríodh le húsáid leanúnach an ríomhardáin agus na dteimpléad tuairiscithe, agus le taithí thuairisceoirí na mBallstát ar a n-úsáid, gur gá an próiseas tuairiscithe a shimpliú agus inchomparáideacht sonraí a mhéadú, rud a éascóidh an t-athbhreithniú agus an measúnú ina dhiaidh sin ar na tuarascálacha comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide ar dhul chun cinn.

(11) Bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh le linn timthriallta tuairiscithe roimhe seo, agus d'fhonn na chéad tuarascálacha eile ar dhul chun cinn a bheidh le cur isteach faoin 15 Márta 2027 a ullmhú, ba cheart na teimpléid tuairiscithe a shimpliú chun iarrataí iomarcacha ar shonraí atá bailithe cheana féin ag an gCoimisiún ar bhealaí eile a bhaint agus chun an t-ualach tuairiscithe ar na Ballstáit a laghdú.

([8]) Doiciméad Inmheánach Oibre (2025) 351 final (an 6 Samhain 2025).

(12) Thairis sin, ba cheart na ceanglais tuairiscithe maidir le deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais fuinnimh a shoiléiriú chun comhsheasmhacht a áirithiú ar fud Bhallstáit an Aontais, lena gcumascfar Airteagail 6 agus 12 chun próisis a chuíchóiriú agus chun an t-ualach riaracháin a laghdú. Tugadh isteach fochatagóir nua d'fhóirdheontais breosla iontaise, lena ndéantar comparáid idir rátaí cánach éifeachtacha agus tagarmharc, agus leagtar béim i dtábla 1 athbhreithnithe d'Iarscríbhinn XV ar thuairiscí mionsonraithe ar bheartais, ar bhearta, ar fhoinsí cistiúcháin, ar fhaighteoirí agus ar chuspóirí, amhail iomaíochas eacnamaíoch, dícharbónú, nó slándáil fuinnimh. Ba cheart do na Ballstáit sonraí réamhlódáilte a fhíorú nó a leasú, agus údar a thabhairt le haon athrú nó cur chuige malartach a úsáidtear chun fóirdheontais do bhreoslaí iontaise a shainaithint.

(13) Cé gur ceanglaíodh ar na Ballstáit Treoir (AE) 2023/1791 a thrasuí sa reachtaíocht náisiúnta faoin 11 Deireadh Fómhair 2025, chun críocha na chéad tuarascála comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide ar dhul chun cinn eile atá le tíolacadh an 15 Márta 2027 le haghaidh na mblianta 2024 agus 2025, is féidir leis na Ballstáit an ceanglas tuairiscithe faoi Airteagal 6 den Treoir sin a chomhlíonadh trí cheanglais Airteagal 5 de Threoir (AE) 2012/27 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [9] a chomhlíonadh. Cé gur gá na táblaí faoi Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2299 a thabhairt cothrom le dáta chun na leasuithe a rinneadh le déanaí a léiriú, níor cheart é a bheith d'oibleagáid ar na Ballstáit na táblaí nuashonraithe sin a úsáid le haghaidh na mblianta 2024 agus 2025. Ba cheart na forálacha idirthréimhseacha is gá a chur i bhfeidhm chun é sin a cheadú.

(14) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2299 a leasú dá réir sin.

(15) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste maidir leis an Aontas Fuinnimh,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) 2022/2299 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, pointe (1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) faisnéis faoin gcaoi a dtugann na Ballstáit aghaidh ar mholadh a eisítear de bhun Airteagal 30(1), Airteagal 32(1) nó (2) agus Airteagal 34(1) de Rialachán (AE) 2018/1999 ach amháin i gcás inar eisigh an Coimisiún é.';

(2) in Airteagal 6, scriostar mír 2;

(3) Leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid a seo a leanas in ionad an teidil:

'Tuairisciú ar an méid coigiltis fuinnimh a bhaintear amach faoi Airteagal 7 de Threoir 2012/27/AE agus Airteagal 8 de Threoir (AE) 2023/1791.'

(b) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'Tabharfaidh na Ballstáit tuairisc ar an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 8(10) de Threoir (AE) 2023/1791 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) i gcomhréir leis na formáidí a leagtar amach in Iarscríbhinn XI a ghabhann leis an Rialachán seo.

(*) Treoir (AE) 2023/1791 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/955 (athmhúnlú) (IO L 231, 20.9.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/1791/oj).';

[9] Treoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, lena leasaítear Treoracha 2009/125/CE agus 2010/30/AE agus lena n-aisghairtear Treoracha 2004/8/CE agus 2006/32/CE (IO L 315, 14.11.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2012/27/oj).

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 12:

'*Airteagal 12*

Tuairisciú ar bheartais agus ar bhearta chun deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais fuinnimh, go háirithe le haghaidh breoslaí iontaise

Tabharfaidh na Ballstáit tuairisc, i gcomhréir leis na formáidí a leagtar amach in Iarscríbhinn XV a ghabhann leis an Rialachán seo, ar na beartais agus na bearta a chuirtear chun feidhme nó atá beartaithe chun deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais fuinnimh, go háirithe le haghaidh breoslaí iontaise, dá dtagraítear in Airteagal 17(2), pointí (a) agus (c), de Rialachán (AE) 2018/1999 agus ar an bhfaisnéis maidir le dul chun cinn i dtreo na gcuspóirí náisiúnta chun deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais fuinnimh, go háirithe le haghaidh breoslaí iontaise, dá dtagraítear in Airteagal 25, pointe (d), den Rialachán sin.Áireofar sna beartais agus sna bearta sin beartais agus bearta lena dtugtar aghaidh ar fhóirdheontais fuinnimh a thagann faoi na catagóirí seo a leanas: aistrithe díreacha, caiteachais chánach, ráta cánach éifeachtach i gcomparáid le tagarmharc, praghsáil ró-íseal ar earraí nó ar sheirbhísí, agus sásraí tacaíochta ioncaim nó praghais'.;

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 14:

'*Airteagal 14*

Oibleagáidí tuairiscithe breise i réimse na héifeachtúlachta fuinnimh

1. Tuairisceoidh na Ballstáit an fhaisnéis bhreise dá dtagraítear i gCuid 2, pointí (e) agus (h) go (k) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1999 i gcomhréir leis na formáidí a leagtar amach in Iarscríbhinn XVII a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. Tuairisceoidh na Ballstáit achar urláir iomlán na bhfoirgneamh téite agus fuaraithe atá faoi úinéireacht a gcomhlachtaí poiblí, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Threoir (AE) 2023/1791 i gcomhréir le Cuid 2, pointe (f) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1999 agus na formáidí a leagtar amach i dTábla 6 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann leis an Rialachán seo.

3. Tuairisceoidh na Ballstáit achar urláir iomlán na bhfoirgneamh téite agus fuaraithe atá faoi úinéireacht a gcomhlachtaí poiblí a ndearnadh athchóiriú orthu, dá dtagraítear in Airteagal 6 de Threoir (AE) 2023/1791 i gcomhréir le Cuid 2, pointe (g) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1999 agus na formáidí a leagtar amach i dTábla 7 d'Iarscríbhinn XII a ghabhann leis an Rialachán seo.

4. Tuairisceoidh na Ballstáit an méid coigiltis fuinnimh i bhfoirgnimh incháilithe atá faoi úinéireacht comhlachtaí poiblí dá dtagraítear in Airteagal 6(6) de Threoir (AE) 2023/1791, i gcomhréir le Cuid 2, pointe (g), d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1999 agus na formáidí a leagtar amach i dTábla 8 d'Iarscríbhinn XII a ghabhann leis an Rialachán seo'.;

(6) Leasaítear Airteagal 15 mar a leanas:

(a) I mír 1, cuirfear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) an fhaisnéis faoin dul chun cinn a dhéantar i dtreo na gcuspóirí náisiúnta táscacha chun an líon teaghlach i mbochtaineacht fuinnimh a laghdú, dá dtagraítear in Airteagal 24, pointe (a) de Rialachán (AE) 2018/1999, i gcomhréir leis na formáidí a leagtar amach i dTábla 2 d'Iarscríbhinn XIX a ghabhann leis an Rialachán seo;';

(b) cuirtear an méid a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:

'2. Féadfaidh na Ballstáit tuairisciú ar na táscairí maidir leis an mbochtaineacht fuinnimh i gcomhréir leis na formáidí a leagtar amach i dTábla 2 d'Iarscríbhinn XIX a ghabhann leis an Rialachán seo.

3. Féadfaidh na Ballstáit an fhaisnéis faoin sainmhíniú náisiúnta ar an mbochtaineacht fuinnimh a thuairisciú i gcomhréir leis na formáidí a leagtar amach i dTábla 3 d'Iarscríbhinn XIX a ghabhann leis an Rialachán seo.';

(7) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 17:

'*Airteagal 17*

Tuairisciú ar chur chun feidhme mholtaí an Choimisiúin arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1999

I gcás inar eisigh an Coimisiún moltaí de bhun Airteagal 30(1), Airteagal 32(1) nó (2), nó Airteagal 34(1) de Rialachán (AE) 2018/1999, tuairisceoidh na Ballstáit an fhaisnéis faoi na beartais agus faoi na bearta a glacadh agus a cuireadh chun feidhme nó faoi na beartais agus faoi na bearta a bhfuil sé beartaithe iad a ghlacadh, i gcás inarb infheidhme agus amlíne ag gabháil leo, chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí sin dá dtagraítear in Airteagal 17(6) de Rialachán (AE) 2018/1999 i gcomhréir leis na formáidí a leagtar amach in Iarscríbhinn XXII a ghabhann leis an Rialachán seo.

I gcás ina gcinneann na Ballstáit lena mbaineann gan aghaidh a thabhairt ar mholadh nó ar chuid shubstaintiúil de mholadh, tabharfaidh siad réasúnaíocht i gcomhréir leis na formáidí a leagtar amach in Iarscríbhinn XXII a ghabhann leis an Rialachán seo.';

(8) Cuirtear an téacs atá in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn II;

(9) Cuirtear téacs atá in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn IV;

(10) Cuirtear an téacs atá in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn VI;

(11) Scriostar Iarscríbhinn VIII;

(12) Cuirtear an téacs atá in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn IX;

(13) Cuirtear an téacs atá in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn X;

(14) Cuirtear an téacs atá in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn XI;

(15) Cuirtear an téacs atá in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn XIII;

(16) Cuirtear an téacs atá in Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn XV;

(17) Cuirtear an téacs atá in Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn XVI;

(18) Cuirtear an téacs atá in Iarscríbhinn X a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn XVII;

(19) Scriostar Iarscríbhinn XVIII;

(20) Cuirtear an téacs atá in Iarscríbhinn XI a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn XIX;

(21) Cuirtear an téacs atá in Iarscríbhinn XII a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn XXII.

Airteagal 2

De mhaolú ar Airteagal 9 agus Airteagal 14(2) agus (4) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2299, féadfaidh na Ballstáit an fhaisnéis dá dtagraítear i gCuid 2, pointí (f) agus (g), d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1999 a thuairisciú, i gcomhréir leis na formáidí a leagtar amach i dTáblaí 6, 7 agus 8 d'Iarscríbhinn XVII nó leis na formáidí a leagtar amach i dTáblaí 1 agus 2 d'Iarscríbhinn XII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2299 le haghaidh na dtuarascálacha comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide le haghaidh na mblianta 2024 agus 2025 atá le tíolacadh faoin 15 Márta 2027.

Ní bheidh feidhm ag an gceanglas tuairiscithe in Airteagal 9 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2299 maidir leis na tuarascálacha comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide atá le tíolacadh faoin 15 Márta 2029 agus maidir leis na tuarascálacha ina dhiaidh sin.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

'IARSCRÍBHINN II

DÍCHARBÓNÚ: FUINNEAMH IN-ATHNUAITE

Tábla 1

Sciar earnála (leictreachas, téamh agus fuarú, iompar agus tionscal) agus sciar foriomlán fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite

Gné thuairiscithe	Sonraíocht	Aonad	Bliain	
			X-3	X-2
Olltomhaltas deiridh fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite	S	ktoe		
Olltomhaltas deiridh fuinnimh le coigeartú eitlíochta	S	ktoe		
An sciar iomlán ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite	S	%		
Giniúint leictreachais in-athnuaite (le normalú)	S	GWh		
Olltomhaltas Foriomlán Leictreachais	S	GWh		
An sciar giniúna RES-E	S	%		
Uimhreoir RES-T le hiolraitheoirí	S	ktoe		
Ainmneoir RES-T le hiolraitheoirí	S	ktoe		
An sciar tomhaltais RES-T	S	%		
Uimhreoir RES-H&C	S	ktoe		
Ainmneoir RES-H&C	S	ktoe		
Dar dramhtheas agus dramhfhuacht a úsáidtear trí líonraí téimh/fuaraithe ceantair	S	ktoe		
An sciar RES-H&C	S	%		
An sciar RES-H&C le dramhtheas agus dramhfhuacht	S	%		
Fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite agus ó dhramhtheas agus dramhfhuacht a úsáidtear i dtéamh agus fuarú ceantair	S	ktoe	(1)	
Fuinneamh ó dhramhtheas agus dramhfhuacht a úsáidtear le haghaidh téamh agus fuarú ceantair	S	ktoe	(1)	
Fuinneamh ó gach foinse a úsáidtear le haghaidh téamh agus fuarú ceantair	S	ktoe		
An sciar fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite agus ó dhramhtheas agus dramhfhuacht i dtéamh agus fuarú ceantair	S	%		
Aistrithe staitisticiúla/Tionscadail chomhpháirteacha/scéimeanna tacaíochta comhpháirteacha – an méid iomlán atá le cur leis	S	Ktoe		
Aistrithe staitisticiúla/Tionscadail chomhpháirteacha/scéimeanna tacaíochta comhpháirteacha – an méid iomlán atá le baint	S	ktoe		
An sciar fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite san earnáil tionsclaíochta	S	%	(1)	

An sciar fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite sa tionsclaíocht -le dramhtheas agus dramhfhuacht	S	%	(1)	
Sciar de RFNBOnna chun críoch fuinnimh deiridh agus neamhfhuinnimh sa tionsclaíocht	S	%	(1)	
Táirgeadh H2 ó fhoinsí in-athnuaite (lena n-áirítear dramhaíl in-athnuaite)	S	TJ		
Táirgeadh H2 ó leictreachas (leictrealú)	S	TJ		
agus de sin: leictreachas ón eangach	S	TJ		
agus de sin, leictreachas ó fhoinsí in-athnuaite – Líne dhíreach	S	TJ		
Táirgeadh leictribhreoslaí ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh (lena n-áirítear dramhaíl in-athnuaite)	S	TJ		
Táirgeadh leictribhreoslaí ó leictreachas (leictrealú)	S	TJ		
agus de sin: leictreachas ón eangach	S	TJ		
agus de sin, leictreachas ó fhoinsí in-athnuaite – Líne dhíreach	S	TJ		
Táirgeadh dúchais bithghás	S	TJ		

Nodaireacht: X = bliain tuairiscithe; S = sainordaitheach; S_{mi} = sainordaitheach más infheidhme; D = deonach.
Nótaí:
(1) Ní thabharfar na heilimintí sin isteach ach amháin le haghaidh na bliana tuairiscithe 2025 ar aghaidh. Maidir leis an tuairisciú atá le déanamh in 2027, fanfaidh na réimsí le haghaidh X-3 (2024) bán.

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/1807/oj

Tábla 2

Toilleadh suiteáilte iomlán ó gach teicneolaíocht fuinnimh in-athnuaite

Teicneolaíocht fuinnimh in-athnuaite	Sonraíocht	Aonad	Bliain	
			X-3	X-2
Hidrea	S	MW		
Dar hidreachumhacht íon gan aon chaidéalú	S	MW		
Dar: sní na habhann	S	MW		
Dar hidreachumhacht mheasctha	S	MW		
Dar hidreachumhacht chaidéalaithe	S	MW		
Geoiteirmeach	S	MW		
Grianfhuinneamh fótavoltach (SA) [1]	S	MW		
Dar teicneolaíocht fhótavoltach < 30 kW	S	MW		
Dar fuinneamh fótavoltach dín	S	MW		
Dar fuinneamh fótavoltach eis-eangaí	S	MW		
Dar teicneolaíocht fhótavoltach 30 kW - 1 000 kW	S	MW		
Dar fuinneamh fótavoltach dín	S	MW		
Dar fuinneamh fótavoltach eis-eangaí	S	MW		
Dar teicneolaíocht fhótavoltach ≥ 1 MW	S	MW		
Dar fuinneamh fótavoltach dín	S	MW		
Dar fuinneamh fótavoltach eis-eangaí	S	MW		
Grianfhuinneamh fótavoltach (DC) [1]	S	MW		
Dar teicneolaíocht fhótavoltach < 30 kW	S	MW		
Dar fuinneamh fótavoltach dín	S	MW		
Dar fuinneamh fótavoltach eis-eangaí	S	MW		
Dar teicneolaíocht fhótavoltach 30 kW - 1 000 kW	S	MW		
Dar fuinneamh fótavoltach dín	S	MW		
Dar fuinneamh fótavoltach eis-eangaí	S	MW		
Dar teicneolaíocht fhótavoltach ≥ 1 MW	S	MW		

Dar fuinneamh fótavoltach dín	S	MW		
Dar fuinneamh fótavoltach eis-eangaí	S	MW		
Grianfhuinneamh teirmeach	S	MW		
Fuinneamh taoide, fuinneamh toinne, fuinneamh aigéin	S	MW		
Gaoth	S	MW		
Dar gaoth ar talamh	S	MW		
Dar gaoth eischósta	S	MW		
Dramhaíl thionsclaíoch	S	MW		
Dramhaíl chathrach	S	MW		
Bithbhreoslaí soladacha	S	MW		
Bithgháis	S	MW		
Bithdhíosail	S	MW		
Bithghásailín	S	MW		
Bithbhreoslaí leachtacha eile	S	MW		

Nodaireacht: X = bliain tuairiscithe; S = sainordaitheach.
Nótaí:
([1]) Is féidir leis na Ballstáit tuairisciú ar ghrianfhuinneamh fótavoltach (SA), ar ghrianfhuinneamh fótavoltach (SD), nó ar an dá rud.

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/1807/oj

Tábla 3

Rannchuidiú iarbhír iomlán (olltáirgeacht leictreachais) ó gach teicneolaíocht fuinnimh in-athnuaite atá in úsáid sa réimse giniúna leictreachais

Teicneolaíocht fuinnimh in-athnuaite	Sonraíocht	Aonad	Bliain	
			X -3	X -2
Giniúint hidreachumhachta normalaithe	S	GWh		
Hidreachumhacht íon normalaithe	S	GWh		
Hidreachumhacht mheasctha normalaithe (gan aon chaidéalú)	S	GWh		
Giniúint fuinnimh gaoithe normalaithe	S	GWh		
Giniúint fuinnimh gaoithe normalaithe ar talamh	S	GWh		
Giniúint fuinnimh gaoithe eischósta normalaithe	S	GWh		
Ó bhithleachtanna íona, comhlíontacha + neamhchomhlíontacha	S	GWh		
— dar bithleachtanna comhlíontacha íona (nár cumascadh)	S	GWh		
— an sciar NACH as barra bia agus beatha é	S	GWh		
— an sciar as barra bia agus beatha ann	S	GWh		
— an sciar nach as ard-riosca ILUC é	S	GWh		
Ó bhithleachtanna cumaisc comhlíontacha, an bhithchuid amháin	S	GWh		
— an sciar NACH as barra bia agus beatha é	S	GWh		
— an sciar as barra bia agus beatha ann	S	GWh		
— an sciar nach as ard-riosca ILUC é	S	GWh		
Ó bhithghás a chumasctar san eangach	S	GWh		
— An sciar atá comhlíontach	S	GWh		
Ó bhithghás a áirítear sa leictreachas bunaithe ar dheimhnithe (seachadadh bithgháis (chomhlíontacha) tríd an eangach gháis)	S	GWh		
Geoiteirmeach	S	GWh		
Grianfhuinneamh fótavoltach	S	GWh		
Grianfhuinneamh teirmeach	S	GWh		
Fuinneamh taoide, fuinneamh toinne agus fuinneamh aigéin	S	GWh		
Dramhaíl chathrach in-athnuaite	S	GWh		

Bithbhreoslaí soladacha	S	GWh		
— An sciar atá comhlíontach	S	GWh		
Ó bhithghás íon	S	GWh		
— An sciar atá comhlíontach	S	GWh		
Ó hidrigin de thionscnamh bithmhaise comhlíontaí	S	GWh	(1)	
Ó RFNBOnna (lena n-áirítear hidrigin leictrealaíoch in-athnuaite)	S	GWh	(1)	
Olltomhaltas Leictreachais Iomlán (Ainmneoir RES-E)	S	GWh		
Dar leictreachais a úsáidtear chun RFNBOnna (lena n-áirítear hidrigin leictrealaíoch) a tháirgeadh a úsáidtear chun críocha fuinnimh	S	GWh	(1)	
Lena n-áirítear coinníollacha Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1184 ón gCoimisiún a chomhlíonadh - nasc díreach [GWh]	S	GWh	(1)	
Lena n-áirítear coinníollacha Airteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1184 ón gCoimisiún a chomhlíonadh - eangach [GWh]	S	GWh	(1)	

Nodaireacht: X = bliain tuairiscithe; S = sainordaitheach.
Nótaí:
(1) Ní thabharfar na heilimintí sin isteach ach amháin le haghaidh na bliana tuairiscithe 2025 ar aghaidh. Maidir leis an tuairisciú atá le déanamh in 2027, fanfaidh na réimsí le haghaidh X-3 (2024) bán.

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/1807/oj

Tábla 4

Rannchuidiú iarbhír iomlán (olltomhaltas deiridh fuinnimh) ó gach teicneolaíocht fuinnimh in-athnuaite sa réimse téimh agus fuaraithe

Teicneolaíocht fuinnimh in-athnuaite	Sonraíocht	Aonad	Bliain	
			X -3	X -2
Foinsí inathnuaite le haghaidh téimh & fuarú	S	ktoe		
Tomhaltas Fuinnimh Deiridh foinsí agus breoslaí in-athnuaite i san Earnáil Tionsclaíochta agus in Earnálacha Eile	S	ktoe		
— Fioghual	S	ktoe		
— Bithghás íon	S	ktoe		
Dar bithghás comhlíontach	S	ktoe		
— Bithghás a chumasctar san eangach	S	ktoe		
Dar bithghás comhlíontach	S	ktoe		
— Bithghás a chuirtear san áireamh i dtreo tomhaltas fuinnimh deiridh san earnáil tionsclaíochta agus in earnálacha eile ar bhonn deimhnithe (seachadadh biogáis (atá comhlíontach) tríd an eangach ghái	S	ktoe		
— Geoiteirmeach	S	ktoe		
— Grianfhuinneamh teirmeach	S	ktoe		
— Dramhaíl chathrach in-athnuaite	S	ktoe		
— Bithbhreoslaí soladacha seachas fioghual	S	ktoe		
Dar bithghás comhlíontach	S	ktoe		
— gach bithleacht chomhlíontach agus neamhchomhlíontach freisin	S	ktoe		
— dar bithleachtanna comhlíontacha agus sin amháin	S	ktoe		
— an sciar NACH as barra bia agus beatha é	S	ktoe		
— an sciar as barra bia agus beatha ann	S	ktoe		
— an sciar nach as ard-riosca ILUC é	S	ktoe		
— Ó hidrigin de thionscnamh bithmhaise	S	ktoe	(1)	
— Ó RFNBOnna (lena n-áirítear H2 leictrealaíoch, ach gan H2 a úsáidtear mar tháirge idirmheánach le haghaidh gnáthbhreoslaí iompair nó bithbhreoslaí a áireamh)	S	ktoe	(1)	

Táirgeadh teasa ó bhreoslaí in-athnuaite	S	ktoe		
— Fuinneamh geoiteirmeach	S	ktoe		
— Grianfhuinneamh teirmeach	S	ktoe		
— Dramhaíl Chathrach in-athnuaite	S	ktoe		
— Bithbhreoslaí soladacha	S	ktoe		
Dar bithghás comhlíontach	S	ktoe		
— Ó bhithghás íon	S	ktoe		
Dar bithghás comhlíontach	S	ktoe		
— Ó bhithghás a chumasctar san eangach	S	ktoe		
Dar bithghás comhlíontach	S	ktoe		
— Ó bhithghás a chuirtear i dtreo tháirgeadh teasa bunaithe ar dheimhnithe (seachadadh bithgháis (atá comhlíontach) tríd an eangach gháis)	S	ktoe		
— gach bithleacht íon comhlíontacha agus neamhchomhlíontacha freisin	S	ktoe		
— dar bithleachtanna íona comhlíontacha agus sin amháin	S	ktoe		
— an sciar NACH as barra bia agus beatha é	S	ktoe		
— an sciar as barra bia agus beatha ann	S	ktoe		
— an sciar nach as ard-riosca ILUC é	S	ktoe		
— bithleachtanna cumaisc, comhlíontacha, an bhithchuid amháin	S	ktoe		
— an sciar NACH as barra bia agus beatha é	S	ktoe		
— an sciar as barra bia agus beatha ann	S	ktoe		
— an sciar nach as ard-riosca ILUC é	S	ktoe		
— Ó hidrigin de thionscnamh bithmhaise	S	ktoe	[1]	
— Ó RFNBOnna (lena n-áirítear hidrigin leictrealaíoch in-athnuaite)	S	ktoe	[1]	
Teas comhthimpeallach - Teaschaidéil le haghaidh téimh	S	ktoe		
Dar teaschaidéil aeraiteirmigh agus hidritheirmeacha (i.e. gan teaschaidéil gheoiteirmeacha a áireamh)	S	ktoe		
Dar fuinneamh geoiteirmeach trí theaschaidéil a úsáid	S	ktoe		
Dar teas comhthimpeallach eile	S	ktoe		

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/1807/oj

Fuarú in-athnuaite	S	ktoe		
Uimhreoir RES-H&C	S	ktoe		
Ainmneoir RES-H&C	S	ktoe		
Airteagal 2(9) de Threoir 2018/2001: Dar dramhtheas agus dramhfhuacht a úsáidtear trí líonraí téimh/fuaraithe ceantair [ktoe]	S	ktoe		

Nodaireacht: X = bliain tuairiscithe; S = sainordaitheach.
Nótaí:
([1]) Ní thabharfar na heilimintí sin isteach ach amháin le haghaidh na bliana tuairiscithe 2025 ar aghaidh. Maidir leis an tuairisciú atá le déanamh in 2027, fanfaidh na réimsí le haghaidh X-3 (2024) bán.

Tábla 5

Rannchuidiú iarbhír iomlán (olltomhaltas deiridh fuinnimh) ó gach teicneolaíocht fuinnimh in-athnuaite san earnáil iompair

Teicneolaíocht fuinnimh in-athnuaite	Sonraíocht	Aonad	Bliain	
			X -3	X -2
Bithbhreoslaí (an chuid íon agus an chuid in-athnuaite de bhreoslaí cumaisc), H2, RFNBOnna agus breoslaí in-athnuaite eile, iad comhlíontach nó neamhchomhlíontach, i ngach modh iompair				
Bithbhreoslaí leachtacha in earnáil an iompair de bhóthar	S	ktoe		
Bithbhreoslaí leachtacha in earnáil an iompair d'iarnród	S	ktoe		
Bithbhreoslaí leachtacha i modhanna iompair eile	S	ktoe		
Bithbhreoslaí gásacha in earnáil an iompair de bhóthar	S	ktoe		
Bithbhreoslaí gásacha in earnáil an iompair d'iarnród	S	ktoe		
Bithbhreoslaí gásacha i modhanna iompair eile	S	ktoe		
Hidrigin a tháirgtear ó bhithmhais (seachas H2 ó leictrealú) a úsáidtear san iompar	S	ktoe	(1)	
Bithmheatán a instealltar san eangach agus atá le cur san áireamh i dtreo iompair (Airteagal 25.2(b) de Threoir 2018/2001)	S	ktoe		
Breoslaí nach breoslaí bithmhaise iad is féidir a chur san áireamh i dtreo iompair				
Breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch [RFNBOnna] (lena n-áirítear hidrigin leictrealaíoch in-athnuaite)	S	ktoe	(1)	
An sciar de san earnáil mhuirí (Airteagal 27.2e) de Threoir 2018/2001)	S	ktoe	(1)	
An sciar de san earnáil eitlíochta (Airteagal 27.2e) de Threoir 2018/2001)	S	ktoe	(1)	
Dar hidrigin in-athnuaite	S	ktoe	(1)	
An sciar de san earnáil mhuirí (Airteagal 27.2e) de Threoir 2018/2001)	S	ktoe	(1)	
An sciar de san earnáil eitlíochta (Airteagal 27.2e) de Threoir 2018/2001)	S	ktoe	(1)	
Breoslaí carbóin athchúrsáilte	S	ktoe		
An sciar de san earnáil mhuirí (Airteagal 27.2e) de Threoir 2018/2001)	S	ktoe		
An sciar de san earnáil eitlíochta (Airteagal 27.2e) de Threoir 2018/2001)	S	ktoe		
Breoslaí neamh-bhithmhaise i scaglanna				
Hidrigin a úsáidtear in scaglanna mar tháirgí idirmheánacha chun gnáthbhreoslaí iompair agus bithbhreoslaí a tháirgeadh Dar RFNBOnna	S	ktoe	(1)	

Bithbhreoslaí COMHLÍONTACHA agus breoslaí bithmhaise san earnáil iompair - cainníochtaí arna ríomh le luachanna calracha in IARSCRÍBHINN III de Threoir 2018/2001				
gach bithbhreosla comhlíontach i ngach modh iompair	S	ktoe		
Iarscríbhinn IX a ghabhann le Treoir 2018/2001 (gach modh iompair)	S	ktoe		
An sciar de sa réimse muirí (loingseoireacht intíre agus buncair mhuirí idirnáisiúnta araon)	S	ktoe		
Dar buncair mhuirí idirnáisiúnta	S	ktoe		
An sciar de san earnáil eitlíochta (Airteagal 27.2e) de Threoir 2018/2001	S	ktoe		
Trí amhábhar (gach modh)	S	ktoe		
Cuid A	S	ktoe		
Dar Cuid A sa réimse muirí, loingseoireacht intíre agus buncair mhuirí idirnáisiúnta araon (Airteagal 27.2e) de Threoir 2018/2001)	S	ktoe		
Dar Cuid A i mbuncair mhuirí idirnáisiúnta	S	ktoe	[1]	
Dar Cuid A san earnáil eitlíochta (Airteagal 27.2e) de Threoir 2018/2001	S	ktoe		
Cuid A trí amhábhar (gach modh)	S	ktoe		
(a)	S	ktoe		
(b)	S	ktoe		
(c)	S	ktoe		
(d)	S	ktoe		
(e)	S	ktoe		
(f)	S	ktoe		
(g)	S	ktoe		
(h)	S	ktoe		
(i)	S	ktoe		
(j)	S	ktoe		
(k)	S	ktoe		
(l)	S	ktoe		
(m)	S	ktoe		
(n)	S	ktoe		

(o)	S	ktoe		
(p)	S	ktoe		
(q)	S	ktoe		
(r)	S	ktoe	(1)	
(s)	S	ktoe	(1)	
(t)	S	ktoe	(1)	
(u)	S	ktoe	(1)	
(v)	S	ktoe	(1)	
Cuid B	S	ktoe		
Dar Cuid B sa réimse muirí (loingseoireacht intíre agus buncair mhuirí idirnáisiúnta araon)	S	ktoe		
Dar Cuid B i mbuncair mhuirí idirnáisiúnta	S	ktoe	(1)	
Dar Cuid B san earnáil eitlíochta	S	ktoe		
Cuid B trí amhábhar	S	ktoe		
(a)	S	ktoe		
(b)	S	ktoe		
(c)	S	ktoe		
(d)	S	ktoe		
(e)	S	ktoe		
(f)	S	ktoe		
Airteagal 26(1) de Threoir 2018/2001- An sciar as barra bia agus beatha ann	S	ktoe		
An sciar de arna dheimhniú mar riosca íseal ILUC	S	ktoe		
An sciar de sa réimse muirí (loingseoireacht intíre agus buncair mhuirí idirnáisiúnta araon)	S	ktoe	(1)	
Dar buncair mhuirí idirnáisiúnta	S	ktoe	(1)	
bithbhreoslaí comhlíontacha eile	S	ktoe		
An sciar de sa réimse muirí (loingseoireacht intíre agus buncair mhuirí idirnáisiúnta araon)	S	ktoe		
Dar buncair mhuirí idirnáisiúnta	S	ktoe	(1)	

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/1807/oj

Leictreachas a úsáidtear san earnáil iompair				
An leictreachas uile san earnáil iompair	S	ktoe		
An leictreachas uile in earnáil an iompair de bhóthar	S	ktoe		
Fuinneamh in-athnuaite in earnáil an iompair de bhóthar (Airteagal 27.2d) de Threoir 2018/2001)	S	ktoe		
Dar fuinneamh in-athnuaithe in earnáil an iompair de bhóthar ó nasc díreach	S	ktoe		
Dar fuinneamh in-athnuaite in earnáil an iompair de bhóthar ón eangach	S	ktoe		
Leictreachas neamh-inathnuaite in earnáil an iompair de bhóthar	S	ktoe		
An leictreachas uile in earnáil an iompair d'iarnród	S	ktoe		
Fuinneamh in-athnuaite in earnáil an iompair d'iarnród (Airteagal 27.2d) de Threoir 2018/2001)	S	ktoe		
Dar fuinneamh in-athnuaite in earnáil an iompair d'iarnród ó nasc díreach	S	ktoe	(1)	
Dar fuinneamh in-athnuaite in earnáil an iompair d'iarnród ón eangach	S	ktoe	(1)	
Leictreachas neamh-inathnuaite in earnáil an iompair d'iarnród	S	ktoe		
An leictreachas uile i ngach modh iompair eile	S	ktoe		
Leictreachas arna sholáthar do longa de gach bratach (lena n-áirítear leictreachas cois cladaigh i mbeart), seachas leictreachas arna thuairisciú faoi Iompar	S	ktoe	(1)	
Dar buncair mhuirí idirnáisiúnta	S	ktoe	(1)	
Leictreachas in-athnuaite i ngach modh iompair eile	S	ktoe		
Dar fuinneamh in-athnuaite i ngach modh iompair eile ó nasc díreach	S	ktoe	(1)	
Dar fuinneamh in-athnuaite i ngach modh iompair eile ón eangach	S	ktoe	(1)	
Leictreachas in-athnuaite arna sholáthar do longa de gach bratach, lena n-áirítear leictreachas cois cladaigh arna sholáthar i mbeart	S	ktoe	(1)	
Dar buncair mhuirí idirnáisiúnta	S	ktoe	(1)	
Leictreachas neamh-inathnuaite i ngach modh iompair eile	S	ktoe		
Leictreachas NEAMH-inathnuaite arna sholáthar do longa de gach bratach, lena n-áirítear leictreachas cois cladaigh arna sholáthar i mbeart	S	ktoe	(1)	
Dar buncair mhuirí idirnáisiúnta	S	ktoe	(1)	

Déine na ngás ceaptha teasa				
Meánchoigilteas astaíochtaí le haghaidh bithbhreoslaí faoi Chuid A d'Iarscríbhinn IX arna ríomh le luachanna Iarscríbhinn V agus Iarscríbhinn VI a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001	S	[g CO2 eq/MJ]	(1)	
Meánchoigilteas astaíochtaí le haghaidh bithbhreoslaí faoi Chuid B d'Iarscríbhinn IX arna ríomh le luachanna Iarscríbhinn V agus Iarscríbhinn VI a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001	S	[g CO2 eq/MJ]	(1)	
Meánchoigilteas astaíochtaí le haghaidh bithbhreoslaí ó bharra bia agus beatha arna ríomh le luachanna Iarscríbhinn V agus Iarscríbhinn VI a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001	S	[g CO2 eq/MJ]	(1)	
Meánchoigilteas astaíochtaí le haghaidh RFNBO arna ríomh i gcomhréir le gníomhartha tarmligthe de bhun Airteagal 29a(3) de Threoir (AE) 2018/2001	S	[g CO2 eq/MJ]	(1)	

Nodaireacht: X = bliain tuairiscithe; S = sainordaitheach.

Nótaí:

(1) Ní thabharfar na heilimintí sin isteach ach amháin le haghaidh na bliana tuairiscithe 2025 ar aghaidh. Maidir leis an tuairisciú atá le déanamh in 2027, fanfaidh na réimsí le haghaidh X-3 (2024) bán.

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/1807/oj

Tábla 6

Rannchuidiú iarbhír iomlán (olltomhaltas deiridh fuinnimh) ó gach teicneolaíocht fuinnimh in-athnuaite san earnáil tionsclaíochta [1]

Teicneolaíocht fuinnimh in-athnuaite	Sonraíocht	Aonad	Bliain	
			X -3	X -2
Tomhaltas fuinnimh san earnáil tionsclaíochta	S	ktoe		
— Dar tomhaltas foinsí in-athnuaite fuinnimh, móide leictreachas agus teas in-athnuaite	S	ktoe		
— Dar RFNBO a úsáidtear mar tháirgí idirmheánacha le haghaidh gnáthbhreoslaí iompair agus bithbhreoslaí	S	ktoe		
— Dar tomhaltas fuinnimh san earnáil fuinnimh	S	ktoe		
— Dar tomhaltas deiridh foinsí in-athnuaite fuinnimh sa réimse téimh agus fuaraithe - seachas leictreachas agus teas ceannaithe	S	ktoe		
— Dar sciar comhréireach d'fhoinsí in-athnuaite sa teas ceannaithe	S	ktoe		
— Dar tomhaltas deiridh leictreachais in-athnuaite	S	ktoe		
— Dar leictreachas in-athnuaite uatáirgeora agus féintomhalta	S	ktoe		
— Grianfhuinneamh fótavoltach (gan lárionaid sonraí)	S	ktoe		
— Gaoth (gan lárionaid sonraí)	S	ktoe		
— Bithfhuinneamh (bithbhreoslaí soladacha, leachtacha agus gásacha), gan lárionaid sonraí	S	ktoe		
— An sciar atá comhlíontach	S	ktoe		
— Foinsí in-athnuaite fuinnimh eile (gan lárionaid sonraí)	S	ktoe		
— Lárionaid sonraí (fuinneamh in-athnuaite uatáirgeora agus féintomhalta)	S	ktoe		
— An sciar ó leithdháileadh díreach eile leictreachais in-athnuaite, amhail leictreachas a tháirgtear in aice láimhe	S	ktoe		
— Dar sciar comhréireach atá fágtha den leictreachas in-athnuaite ón eangach	S	ktoe		
Tomhaltas neamhfhuinnimh san earnáil tionsclaíochta agus san earnáil fuinnimh	S	ktoe		
— Dar foinsí in-athnuaite fuinnimh	S	ktoe		
Dramhtheas agus dramhfhuacht le háireamh sa sciar táscach d'fhuinneamh in-athnuaite san earnáil tionscalaíochta	S	ktoe		
An dramhtheas agus dramhfhuacht uasta is féidir a áireamh (0,4 pointe céatadáin)	S	ktoe		

Maidir le hidirghabhálacha earnáil an leictreachais, cuirfidh na Ballstáit in iúl anseo an dtagann an idirghabháil faoi Airteagal 5(3) nó Airteagal 5(6) de Threoir (AE) 2019/944 nó N/B (neamhbhainteach).'

IARSCRÍBHINN IV

'IARSCRÍBHINN IX

DUL CHUN CINN A RINNEADH I dTREO BEARTAIS AGUS BEARTA NÁISIÚNTA A CHUR CHUN FEIDHME

Tábla 1

Príomhghnéithe agus dul chun cinn i dtreo beartais agus bearta a chur chun feidhme

Uimhir Bheartais agus Bhirt	Uimhir Bheartais agus Bhirt sa Phlean Comhtháite Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide, más uimhir éagsúil é	Ainm an bheartais nó an bhirt	Ainm an Bheartais agus Bhirt sa teanga náisiúnta	Beartas nó beart aonair nó grúpáilte	I gcás beartas nó beart grúpáilte, cad iad na beartais nó na bearta aonair a chumhdaítear leis	Na gnéithe atá cumhdaithe (1)	Cumhdach geografach (2)	An earnáil/na hearnálacha a ndéantar difear dóibh (3)	GCT(anna) a ndéantar difear dóibh (4)	Cuspóir (5)
S	S_{mi}	S	Smi	S	S	S	S	S	Smi	S
Uimhir Bheartais agus Bhirt 1										
Uimhir Bheartais agus Bhirt 2										
Cuir rónna breise leis, de réir mar is gá										

Nodaireacht: S = sainordaitheach; S_{mi} = sainordaitheach más infheidhme, murab infheidhme, úsáidfear an eochair nodaireachta 'Ni' sa tábla
Nótaí:

(1) Roghnóidh na Ballstáit ó na gnéithe (is féidir níos mó ná gné amháin a roghnú): Dícharbónú: Astaíochtaí agus aistrithe GCT; Dícharbónú: Fuinneamh in-athnuaite; Éifeachtúlacht fuinnimh; Slándáil fuinnimh; An margadh inmheánach fuinnimh; Taighde, nuálaíocht agus iomaíochas

(2) Roghnóidh na Ballstáit ó na catagóirí seo a leanas: lena gcumhdaítear dhá thír nó níos mó, náisiúnta, réigiúnach, áitiúil.

(3) Roghnóidh na Ballstáit ó na hearnálacha seo a leanas (is féidir níos mó ná earnáil amháin a roghnú le haghaidh beartais agus bearta trasearnála): soláthar fuinnimh (lena gcuimsítear eastóscadh, tarchur, dáileadh agus stóráil breoslaí chomh maith le claochlú fuinnimh maidir le téamh agus fuarú agus giniúint leictreachais); ídiú fuinnimh (lena gcuimsítear ídiú breoslaí agus leictreachais ag úsáideoirí deiridh amhail teaghlaigh, riarachán poiblí; seirbhísí, an earnáil tionsclaíochta agus talmhaíocht); iompar; próisis thionsclaíocha (lena gcuimsítear gníomhaíochtaí tionsclaíocha a athraíonn ábhair go ceimiceach nó go fisiceach arb é is toradh orthu astaíochtaí gás ceaptha teasa, úsáid gás ceaptha teasa agus úsáidí neamhfhuinnimh carbón breosla iontaise); an talmhaíocht; ÚTAÚTF; bainistiú dramhaíola/dramhaíl; earnálacha eile.

(4) Maidir le beartais agus bearta gás ceaptha teasa, roghnóidh na Ballstáit ó na GCTanna seo a leanas (is féidir níos mó ná GCT amháin a roghnú): más infheidhme, dé-ocsaíd charbóin (CO_2); meatán (CH_4); ocsaíd nítriúil (N_2O); hidreafluaracarbóin (HFCanna); sárfhluaracarbóin (PFC); heicseafluairíd sulfair (SF_6); trífhluairíd nítrigine (NF_3).

(5) Ciallaíonn cuspóir "ráiteas tosaigh na dtorthaí (lena n-áirítear torthaí agus tionchair) atá beartaithe a bhaint amach leis an idirghabháil". Roghnóidh na Ballstáit cuspóir ábhartha ó liosta a sholáthraítear sa leagan leictreonach den fhormáid tháblach (is féidir níos mó ná cuspóir amháin a roghnú, is féidir cuspóirí breise a chur leis agus a shonrú faoi "eile").

Uimhir Bheartais agus Bhirt	Tuairisc ghairid	Rannchuidiú le cuspóir aeráidneodrachta an Aontais agus an straitéis fhadtéarmach a bhaint amach ([1])	An cineál ionstraime beartais ([2])	Beartais an Aontais a raibh cur chun feidhme an bheartais agus an bhirt mar thoradh orthu			Stádas cur chun feidhme ([5])	Tréimhse cur chun feidhme		Cás réamh-mheastachán ina n-áirítear an Beartas agus an Beart	Eintitis atá freagrach as an mbeartas a chur chun feidhme ([6])	
				Beartas an Aontais ([3])	Eile	Foráil ábhartha ([4])		Tús	Deiridh		Cineál	Ainm
S	S	S	S	S_{mi}			S	S	S_{mi}	S	S	
Uimhir Bheartais agus Bhirt 1												
Uimhir Bheartais agus Bhirt 2												
Cuir rónna breise leis, de réir mar is gá												

Nótaí (ar lean):

([1]) Déanfaidh na Ballstáit measúnú ar rannchuidiú an bheartais nó an bhirt maidir le baint amach chuspóir aeráidneodrachta an Aontais a leagtar amach in Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2021/1119 agus le baint amach na straitéise fadtéarmaí dá dtagraítear in Airteagal 15 de Rialachán 2018/1999.

([2]) Roghnóidh na Ballstáit ó na catagóirí seo a leanas: eacnamaíoch; fioscach; comhaontaithe deonacha/arna gcaibidliú; rialaitheach; faisnéis; oideachas; taighde; pleanáil; eile.

([3]) Ná liostaigh anseo ach beartais an Aontais a chuirtear chun feidhme tríd an mbeartas náisiúnta nó i gcás ina ndírítear beartais náisiúnta go díreach ar chuspóirí bheartais an Aontais a bhaint amach, más infheidhme. Roghnóidh na Ballstáit beartas/beartais ó liosta a sholáthraítear sa leagan leictreonach den fhormáid tháblach, nó roghnóidh siad "eile" agus sonróidh siad ainm an bheartais de chuid an Aontais.

([4]) Déanfaidh na Ballstáit tuairisciú ar na beartais agus na bearta nó na grúpaí beartas nó beart a rannchuideoidh leis an ngné "Dícharbónú: Fuinneamh in-athnuaite agus Éifeachtúlacht fuinnimh". Roghnóidh an Ballstát foráil ábhartha ó liosta a sholáthraítear sa leagan leictreonach den fhormáid tháblach, nó roghnóidh siad eile agus sonróidh siad ainm na forála.

([5]) Roghnóidh na Ballstáit ó na catagóirí seo a leanas: beartaithe; glactha; curtha chun feidhme; dulta in éag.

([6]) Roghnóidh na Ballstáit ó na roghanna seo a leanas agus cuirfidh siad isteach ainmneacha na n-eintiteas atá freagrach as an mbeartas nó as an mbeart a chur chun feidhme (is féidir níos mó ná eintiteas amháin a roghnú): rialtas náisiúnta; eintitis réigiúnacha; rialtas áitiúil; cuideachtaí/ gnólachtaí/comhlachais tionsclaíochta; institiúidí taighde; eintitis eile nach liostaítear.

Uimhir Bheartais agus Bhirt	Táscairí a úsáidtear chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn thar am (1)						Dul chun cinn i gcomparáid leis an gcuspóir (2)	Nuashonrú ó bhí an tíolacadh is déanaí ann (3)	Mínithe ar an nuashonrú nó an nasc chuig an doiciméad breise	Tagairt do mheasúnuithe agus tuarascálacha teicniúla a bheadh mar bhonn agus mar thaca acu	Barúlacha Ginearálta
	Tuairisc	Aonad	Spriocbhliain	Spriocluach	Bliain	Luach					
S	S_{mi}						Smi	S	S_{mi}	S	S
Uimhir Bheartais agus Bhirt 1											
Uimhir Bheartais agus Bhirt 2											
Cuir rónna breise leis, de réir mar is gá											

Nótaí (ar lean):

(1) Tabharfaidh na Ballstáit aon táscaire (lena n-áirítear an t-aonad) agus luachanna le haghaidh na dtáscairí sin a úsáidfear (*ex-ante*) chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn a dhéantar maidir leis an mbeartas agus an bhirt. Sonróidh na Ballstáit an bhliain nó na blianta a bhfuil feidhm ag an luach ina leith. Is féidir luachanna maidir le táscairí agus blianta éagsúla a thuairisciú. Beidh táscairí feidhmíochta arna sainaithint ag na Ballstáit ábhartha, glactha, inchreidte, éasca agus láidir.

(2) I gcás nach soláthraítear aon táscaire cainníochtúil, soláthróidh na Ballstáit tuairisc cháilíochtúil ar an dul chun cinn a rinneadh i gcoinne an chuspóra.

(3) Roghnóidh na Ballstáit ó na roghanna seo a leanas (is féidir roghanna breise a chur leis agus a shonrú faoi "Eile"): Beart nua a ghlacadh, comhaontú a thabhairt i gcrích, foilsiú reachtaíochta; Tús/forfheidhmiú birt/cláir; Díothú/foirceannadh/cur i gcrích birt; Leasuithe, athruithe cur chun feidhme nó dearthaí agus síneadh birt leanúnaigh; Faisnéis maidir le faireachán, nuashonrú ar dhul chun cinn nó torthaí measúnaithe tionchair; Leanúint de bhearta atá ann cheana/gan nuashonrú mór; Dréachtaí, fógraí, gealltanais, bearta atá beartaithe, pléití maidir le beart nua; Eile.'

IARSCRÍBHINN V

'IARSCRÍBHINN X

BEARTAIS AGUS BEARTA NUA DE BHUN AIRTEAGAL 21, POINTE (B) 3 DE RIALACHÁN (AE) 2018/1999

Tábla 1

Scéimeanna um Oibleagáid Éifeachtúlachta Fuinnimh dá dtagraítear in Airteagal 7a de Threoir 2012/27/AE agus Airteagal 9 de Threoir (AE) 2023/1791

Uimhir Bheartais agus Bhirt	S	
Foinsí faisnéise (lena n-áirítear an tagairt don dlí nó do théacsanna dlíthiúla ábhartha eile)	S	
Coigilteas measta le haghaidh 2021-2030 agus fad na tréimhse/na dtréimhsí oibleagáide (pointí 5(d) agus 5(e) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2012/27/AE nó pointí 5(a) agus 5(j) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791)		
Coigilteas measta carnach fuinnimh úsáide deiridh don tréimhse 2021-2030 (ktoe)	S	
Coigilteas measta nua bliantúil fuinnimh úsáide deiridh (ktoe in aghaidh na bliana) ([1])	Smi	
2021	Smi	
2022	Smi	
2023	Smi	
2024	Smi	
2025	Smi	
2026	Smi	
2027	Smi	
2028	Smi	
2029	Smi	
2030	Smi	
Fad na dtréimhsí oibleagáide	S	
Príomhghnéithe deartha		
Páirtithe faoi oibleagáid (pointe 5(b) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2012/27/AE agus pointe 5(c) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791)	S	
Sprioc-earnálacha (pointe 5(c) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2012/27/AE agus pointe 5(d) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791) ([2])	S	
Earnálacha ina bhfuil gníomhaíochtaí aonair incháilithe don scéim um oibleagáid éifeachtúlachta fuinnimh (más éagsúil leis na sprioc-earnálacha a liostaítear thuas) (pointe 5(c) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2012/27/AE agus pointe 5(d) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791)	S	

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/1807/oj

Gníomhaíochtaí aonair incháilithe don scéim um oibleagáid éifeachtúlachta fuinnimh (pointe 5(f) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2012/27/AE agus pointe 5(l) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791) agus saolréanna comhfhreagracha (pointe 2(i) agus pointe 5(h) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2012/27/AE agus pointe 5(n) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791) ([3])	S	
Faisnéis faoi chur i bhfeidhm na bhforálacha seo a leanas de chuid na Treorach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh:		
Táscairí bochtaineachta fuinnimh a chuirtear i bhfeidhm	Smi	
Bunaíodh an sciar uimhríochtúil	Smi	
Sciar den mhéid is gá maidir leis an gcoigilteas carnach fuinnimh úsáide deiridh a rinneadh i measc daoine a ndéanann an bhochtaineacht fuinnimh difear dóibh, custaiméirí leochaileacha, daoine i dteaghlaigh ar ioncam íseal, agus, i gcás inarb infheidhme, daoine a bhfuil cónaí orthu i dtithíocht shóisialta.	Smi	
Coigilteas a bhaineann soláthraithe seirbhísí fuinnimh nó tríú páirtithe eile amach (Airteagal 7a(6), pointe (a) de Threoir 2012/27/AE agus Airteagal 9(11), pointe (a) de Threoir (AE) 2023/1791 ([4])	Smi	
Rialacha maidir le baincéireacht agus iasachtú (Airteagal 7a(6), pointe (b), de Threoir 2012/27/AE agus Airteagal 9(11), pointe (b), de Threoir (AE) 2023/1791)	Smi	
Féidearthachtaí maidir le coigilteas fuinnimh a thrádáil (i gcás inarb ábhartha)	Smi	
Idirghníomhaíochtaí le Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh i gcomhréir le hAirteagal 30(12) de Threoir (AE) 2023/1791 ([5])	Smi	
Faisnéis ghinearálta maidir leis an modheolaíocht ríofa		
Na modhanna ríofa a úsáidtear (pointe 1 d'Iarscríbhinn V, a ghabhann le Treoir 2012/27/AE agus pointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791) ([6])	S	
An mhéadracht/na méadrachtaí a úsáidtear chun an coigilteas fuinnimh a shloinneadh (coigilteas fuinnimh phríomhúil nó coigilteas fuinnimh deiridh) (Airteagal 7a(4), agus pointe 3(d) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2012/27/AE' agus pointe 3(d) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791)	S	
Conas a chuirtear saolréanna (agus athruithe féideartha ar choigilteas le himeacht ama) san áireamh sna ríomhanna coigiltis (pointí 2(i) agus 5(h) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2012/27/AE agus pointí 2(p) agus 5(n) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791) ([7])	S	
Foinsí faisnéise nó tagairtí eile (e.g. staidéir, tuarascálacha meastóireachta) inar féidir tuilleadh mínithe agus mionsonraí maidir leis na ríomhanna coigiltis a fháil	D	
Breisíocht agus ábharthacht (ceanglais a bhaineann le pointí 2 agus 5(g) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2012/27/AE agus pointí 2 agus 5(m) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791)		
Tuairisc ar an modheolaíocht ríofa; lena n-áirítear an chaoi a gcuirtear breisíocht san áireamh sa mhodheolaíocht ríofa (pointe 2(a) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2012/27/AE agus pointe 2(b) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791) ([8])	S	
An gcuirtear athsholáthair luatha chun cinn leis an scéim um oibleagáid éifeachtúlachta fuinnimh? I gcás ina gcuirtear, cén chaoi a gcuirtear sin san áireamh i ríomh an choigiltis? (pointe 2(f) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2012/27/AE agus pointe 2(m) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791)	S	

Na tagarmharcanna a úsáidtear le haghaidh coigilteas measta agus scálaithe (i gcás ina n-úsáidtear coigilteas measta nó scálaithe) (pointe 1(c) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2012/27/AE agus pointe 1(c) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791)	S	
Cén chaoi a n-áirithítear ábharthacht coigiltis? (pointe 3(h) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2012/27/AE agus pointe 3(h) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791)	S	
Forluí féideartha (idir bearta beartais agus idir gníomhaíochtaí aonair) agus áireamh dúbailte		
Forluí féideartha idir gníomhaíochtaí aonair incháilithe don scéim um oibleagáid éifeachtúlachta fuinnimh ([9])	Smi	
Forluí féideartha idir an scéim um oibleagáid éifeachtúlachta fuinnimh agus bearta malartacha a thuairiscítear de réir Airteagal 7 de Threoir 2012/27/AE agus Airteagal 8 de Threoir (AE) 2023/1791	Smi	
Cén chaoi a dtugtar aghaidh ar fhorluí féideartha (idir an scéim um oibleagáid éifeachtúlachta fuinnimh agus bearta malartacha) chun áireamh dúbailte coigilteas fuinnimh a sheachaint? (pointe 3(g) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2012/27/AE agus pointe 3(g) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791)	S	
Éagsúlachtaí aeráide (i gcás inarb ábhartha) (pointí 2(h) agus 5(i) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2012/27/AE agus pointí 2(o) agus 5(c) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791)		
An bhfuil éagsúlachtaí aeráide idir réigiúin? Agus an féidir leo difear a dhéanamh do na gníomhaíochtaí atá incháilithe don scéim um oibleagáid éifeachtúlachta fuinnimh?	Smi	
Cén chaoi a dtugtar aghaidh ar éagsúlachtaí aeráide sna ríomhanna coigiltis, i gcás inarb ábhartha?	Smi	
Faireachán agus fíorú (F&F) coigiltis (pointe 5(j) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2012/27/AE agus pointe 5(p) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791)		
Tuairisc ghairid ar an gcóras faireacháin agus fíoraithe agus ar an bpróiseas fíoraithe, lena n-áirítear maidir leis na modhanna a úsáidtear	S	
Saincheisteanna a sainaithníodh agus an chaoi ar tugadh aghaidh orthu	Smi	
Na húdaráis atá freagrach as F&F na scéime um oibleagáid éifeachtúlachta fuinnimh	S	
Neamhspleáchas F&F ar pháirtithe faoi oibleagáid (Airteagal 7a(5) de Threoir 2012/27/AE agus Airteagal 9(9) de Threoir (AE) 2023/1791)	S	
Fíorú samplaí ionadaíocha staitisticiúla (Airteagal 7a(5) de Threoir 2012/27/AE agus Airteagal 9(9) de Threoir (AE) 2023/1791) ([10])	S	
Oibleagáidí tuairiscithe ar pháirtithe faoi oibleagáid (coigilteas a bhaineann gach páirtí faoi oibleagáid amach, nó a bhaineann gach fochatagóir de pháirtí faoi oibleagáid amach, agus an coigilteas iomlán faoin scéim)	S	
Foilsiú coigiltis fuinnimh a bhaintear amach gach bliain faoin scéim um oibleagáid éifeachtúlachta fuinnimh (Airteagal 7a(7) de Threoir 2012/27/AE agus Airteagal 9(12) de Threoir (AE) 2023/1791)	S	
Na pionóis a chuirtear i bhfeidhm i gcás neamhchomhlíonta (agus tagairtí gaolmhara, lena n-áirítear an dlí nó téacsanna dlíthiúla eile lena leagtar síos na pionóis agus na coinníollacha gaolmhara)	S	
Foráil/forálacha i gcás nach bhfuil dul chun cinn na scéime um oibleagáid éifeachtúlachta fuinnimh sásúil (pointe 3(f) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2012/27/AE agus pointe 3(f) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791)	S	

Faisnéis faoi chaighdeáin cháilíochta (pointe 2(g) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2012/27/AE agus pointe 2(n) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791)		
Cén chaoi a ndéanann an scéim um oibleagáid éifeachtúlachta fuinnimh na caighdeáin cháilíochta (maidir le táirgí, seirbhísí agus suiteáil beart) a chur chun cinn nó a éileamh?	Smi	
Faisnéis chomhlántach nó mínithe comhlántacha		
Luaigh anseo aon fhaisnéis nó míniú eile a d'fhéadfadh a bheith úsáideach chun taithí a roinnt	D	

Nodaireacht: S = sainordaitheach; Smi = sainordaitheach más infheidhme; D = deonach.

Nótaí:

([1]) Líonfaidh na Ballstáit an réimse seo isteach i gcás ina mbeidh coigilteas measta nua bliantúil fuinnimh úsáide deiridh cobhsaí. Má mheastar go dtiocfaidh athrú ar an gcoigilteas nua bliantúil fuinnimh úsáide deiridh le himeacht ama, líonfaidh an Ballstát na réimsí isteach in aghaidh na bliana.

([2]) Sonróidh na Ballstáit na hearnálacha (cónaitheach; an earnáil seirbhísí; earnáil na tionsclaíochta; iompar; eile, a cuireadh san áireamh chun spriocanna na scéime um oibleagáid éifeachtúlachta fuinnimh a ríomh agus chun na páirtithe faoi oibleagáid a shainiú. Má tá na hearnálacha incháilithe do ghníomhaíochtaí aonair éagsúla, sonrófar sin sa chéad réimse eile.

([3]) Sonróidh na Ballstáit na gníomhaíochtaí incháilithe anseo. Má tá an liosta beart rófhada, luafaidh na Ballstáit anseo na príomhchritéir incháilitheachta agus tabharfaidh siad an liosta mar chomhad ar leithligh. Sonróidh na Ballstáit na luachanna saolré a thoimhdeofar le haghaidh na gcineálacha nó catagóirí éagsúla gníomhaíochtaí trí Thábla 4 san Iarscríbhinn seo a úsáid.

([4]) I gcás ina gceadaítear do pháirtithe faoi oibleagáid coigilteas fuinnimh deimhnithe a bhaineann soláthraithe seirbhísí fuinnimh nó tríú páirtithe eile amach a áireamh i dtreo a n-oibleagáid, míneoidh na Ballstáit na critéir incháilitheachta le haghaidh na tríú páirtithe sin agus an chaoi a n-áirithítear go leanann an deimhniú coigiltis fuinnimh próiseas formheasa atá soiléir agus trédhearcach.

([5]) Sonróidh na Ballstáit an bhféadfaidh na páirtithe faoi oibleagáid a n-oibleagáid coigiltis a chomhlíonadh nó an ndéanfaidh siad a n-oibleagáid coigiltis a chomhlíonadh, go hiomlán nó go páirteach, mar ranníocaíocht le Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh.

([6]) Sonróidh na Ballstáit na modhanna a úsáidtear i gcomhréir leis an típeolaíocht a shainítear in Iarscríbhinn V (1) a ghabhann le Treoir 2012/27/AE: (a) coigilteas measta/(b) coigilteas méadraithe/(c) coigilteas scálaithe/(d) coigilteas a ndearnadh suirbhéireacht air. Tabharfaidh na Ballstáit míniú i gcás ina n-úsáidtear cineál modha eile.

([7]) Cuirfidh na Ballstáit míniú leis, go háirithe i gcás go n-úsáidtear modh atá éagsúil leis an modh a chuirtear i láthair i bpointe 2(i) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2012/27/AE agus i bpointe 2(p) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791).

([8]) Míneoidh na Ballstáit an chaoi a gcomhlíonann an mhodheolaíocht ríofa pointí (a) go (c) d'Iarscríbhinn V (2) a ghabhann le Treoir 2012/27/AE agus pointí (a) go (f) d'Iarscríbhinn V(2) a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791.

([9]) Míneoidh na Ballstáit an chaoi a gcuirtear forluí den sórt sin san áireamh sna ríomhanna coigiltis, mar shampla idirghníomhaíochtaí idir insliú ballaí agus athsholáthar córas téimh. Míneoidh na Ballstáit freisin, an chaoi a gcuirtear cosc trí bhíthin chóras F&F ar an ngníomhaíocht aonair chéanna a bheith á tuairisciú ag roinnt páirtithe faoi oibleagáid (lena seachnaítear áireamh dúbailte laistigh den scéim um oibleagáid éifeachtúlachta fuinnimh).

([10]) Míneoidh na Ballstáit an chaoi a n-áirithítear fíorú samplaí ionadaíocha staitisticiúla, agus sonróidh siad na critéir a úsáidtear chun samplaí ionadaíocha a shainiú agus a roghnú.

Tábla 2

Bearta beartais malartacha dá dtagraítear in Airteagal 7b agus Airteagal 20(6) de Threoir 2012/27/AE) agus in Airteagal 10 agus Airteagal 30(14) de Threoir (AE) 2023/1791 (seachas bearta cánachais)

Uimhir Bheartais agus Bhirt	S	
Foinsí faisnéise (lena n-áirítear an tagairt don dlí nó do théacsanna dlíthiúla ábhartha eile)	S	
Buiséad beartaithe nó measta, lena n-áirítear na tréimhsí cur chun feidhme comhfhreagracha	D	
Coigilteas measta le haghaidh 2021-2030 agus fad na tréimhse/na dtréimhsí oibleagáide (pointí 5(d) agus 5(e) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2012/27/AE agus pointí 5(e) agus 5(j) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791)		
Coigilteas measta carnach fuinnimh úsáide deiridh don tréimhse 2021-2030 (ktoe)	S	
Coigilteas measta nua bliantúil fuinnimh úsáide deiridh (ktoe in aghaidh na bliana) ([1])	Smi	
2021	Smi	
2022	Smi	
2023	Smi	
2024	Smi	
2025	Smi	
2026	Smi	
2027	Smi	
2028	Smi	
2029	Smi	
2030	Smi	
Tréimhse/tréimhsí idirmheánacha, i gcás inarb ábhartha ([2])	Smi	
Príomhghnéithe deartha		
Na húdaráis phoiblí cur chun feidhme, páirtithe rannpháirteacha nó iontaoibhe agus a bhfreagrachtaí maidir leis an mbeart beartais a chur chun feidhme (pointí 3(b) agus 5(b) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2012/27/AE) agus pointí 3(b) agus 5(c) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791)	S	
Sprioc-earnálacha (pointe 5(c) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2012/27/AE agus pointe 5(d) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791) ([3])	S	

Gníomhaíochtaí aonair incháilithe don bheart malartach (pointe 5(f) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2012/27/AE agus pointe 5(l) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791) agus saolréanna comhfhreagracha (pointe 2(i) agus pointe 5(h) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2012/27/AE agus pointe 5(n) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791) ([4])	S	
Bearta beartais sonracha nó gníomhaíochtaí aonair sonracha lena ndírítear ar bhochtaineacht fuinnimh (i gcás inarb infheidhme)	Smi	
Faisnéis ghinearálta maidir leis an modheolaíocht ríofa		
Na modhanna tomhais a úsáidtear (pointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2012/27/AE agus pointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791) ([5])	S	
An mhéadracht/na méadrachtaí a úsáidtear chun an coigilteas fuinnimh a shloinneadh (coigilteas fuinnimh phríomhúil nó coigilteas fuinnimh deiridh) (pointe 3(d) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2012/27/AE agus pointe 3(d) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791)	S	
Conas a chuirtear saolréanna (agus athruithe féideartha ar choigilteas le himeacht ama) san áireamh sna ríomhanna coigiltis (pointí 2(i) agus 5(h) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2012/27/AE agus pointe 5(n) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791) ([6])	S	
Foinsí faisnéise nó tagairtí eile (e.g. staidéir, tuarascálacha meastóireachta) inar féidir tuilleadh mínithe agus mionsonraí maidir leis na ríomhanna coigiltis a fháil	D	
Breisíocht agus ábharthacht (ceanglais a bhaineann le pointí 2 agus 5(g) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2012/27/AE agus pointí 2 agus 5(m) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791)		
Tuairisc ar an modheolaíocht ríofa; lena n-áirítear an chaoi a gcuirtear breisíocht san áireamh sa mhodheolaíocht ríofa (pointe 2(a) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2012/27/AE agus pointe 2(b) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791) ([7])	S	
An gcuirtear athsholáthair luatha chun cinn leis an mbeart beartais? I gcás ina gcuirtear, cén chaoi a gcuirtear sin san áireamh i ríomh an choigiltis? (pointe 2(f) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2012/27/AE agus pointe 2(m) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791)	S	
Na tagarmharcanna a úsáidtear le haghaidh coigilteas measta agus scálaithe (i gcás ina n-úsáidtear coigilteas measta nó scálaithe) (pointe 1(c) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2012/27/AE agus pointe 1(c) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791)	S	
Cén chaoi a n-áirithítear ábharthacht coigiltis? (pointe 3(h) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2012/27/AE agus pointe 3(h) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791)	S	
Forluí féideartha (idir bearta beartais agus idir gníomhaíochtaí aonair) agus áireamh dúbailte		
Forluí féideartha idir gníomhaíochtaí aonair incháilithe don bheart beartais ([8])	Smi	
Forluí féideartha idir an scéim um oibleagáid éifeachtúlachta fuinnimh (más ann dóibh) agus beart malarthach/bearta malartacha a thuairiscítear i gcomhréir le hAirteagal 7 de Threoir 2012/27/AE	Smi	
Cén chaoi a dtugtar aghaidh ar fhorluí féideartha (idir an scéim um oibleagáid éifeachtúlachta fuinnimh, más ann dó, agus bearta malartacha) chun áireamh dúbailte maidir le coigilteas fuinnimh a sheachaint? (pointe 3(g) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2012/27/AE agus pointe 3(g) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791)	S	

Éagsúlachtaí aeráide (i gcás inarb ábhartha) (pointí 2(h) agus 5(i) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2012/27/AE agus pointí 2(o) agus 5(c) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791)		
An bhfuil éagsúlachtaí aeráide idir réigiúin? Agus an féidir leo difear a dhéanamh do na gníomhaíochtaí atá incháilithe don bheart beartais?	Smi	
Cén chaoi a dtugtar aghaidh ar éagsúlachtaí aeráide sna ríomhanna coigiltis, i gcás inarb ábhartha?	Smi	
Faireachán agus fíorú (F&F) coigiltis (pointe 5(j) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2012/27/AE agus pointe 5(p) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791)		
Tuairisc ghairid ar an gcóras faireacháin agus fíoraithe agus ar an bpróiseas fíoraithe, lena n-áirítear na modhanna a úsáidtear	S	
Saincheisteanna a sainaithníodh agus an chaoi ar tugadh aghaidh orthu	Smi	
Na húdaráis atá freagrach as F&F an bhirt beartais	S	
Neamhspleáchas F&F ar na páirtithe rannpháirteacha nó iontaoibhe (Airteagal 7b(2) de Threoir 2012/27/AE agus Airteagal 10(2) de Threoir (AE) 2023/1791)	S	
Fíorú samplaí ionadaíocha staitisticiúla (Airteagal 7b(2) de Threoir 2012/27/AE agus Airteagal 10(2) de Threoir (AE) 2023/1791) ([9])	S	
Foilsiú coigiltis fuinnimh a bhaintear amach gach bliain faoin mbeart beartais (pointe 3(e) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2012/27/AE agus pointe 3(e) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791)	S	
Na pionóis a chuirtear i bhfeidhm i gcás neamhchomhlíonta (agus tagairtí gaolmhara, lena n-áirítear an dlí nó téacsanna dlíthiúla eile lena leagtar síos na pionóis agus na coinníollacha gaolmhara)	S	
Foráil/forálacha i gcás nach bhfuil dul chun cinn an bhirt beartais sásúil (pointe 3(f) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2012/27/AE agus pointe 3(f) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791)	S	
Faisnéis faoi chaighdeáin cháilíochta (pointe 2(g) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2012/27/AE agus pointe 2(n) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791)		
Cén chaoi a ndéanann an beart beartais na caighdeáin cháilíochta (maidir le táirgí, seirbhísí agus suiteáil beart) a chur chun cinn nó a éileamh?	Smi	
Faisnéis chomhlántach nó mínithe comhlántacha		
Aon fhaisnéis nó míniú eile a d'fhéadfadh a bheith úsáideach chun taithí a roinnt	D	

Nodaireacht: S = sainordaitheach; Smi = sainordaitheach más infheidhme; D = deonach.

Nótaí:

([1]) Líonfaidh na Ballstáit an réimse seo isteach i gcás ina mbeidh coigilteas measta nua bliantúil fuinnimh úsáide deiridh cobhsaí. Má mheastar go dtiocfaidh athrú ar an gcoigilteas nua bliantúil fuinnimh úsáide deiridh le himeacht ama, líonfaidh an Ballstát na réimsí isteach in aghaidh na bliana.

([2]) Léireoidh na Ballstáit anseo na tréimhsí nó na dátaí a úsáidtear chun cuspóirí idirmheánacha a shainiú chun go mbeifear in ann athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéantar i dtaobh an bhirt mhalartaigh.

([3]) Sonróidh na Ballstáit na hearnálacha (cónaitheach; an earnáil seirbhísí; earnáil na tionsclaíochta; iompar; eile a cuireadh san áireamh.

([4]) Sonróidh na Ballstáit catagóirí na ngníomhaíochtaí aonair is féidir dreasachtaí airgid nó cineálacha tacaíochta eile ón mbeart malartach a fháil, nó a chuirtear chun cinn leis an mbeart malartach trí rialacháin, faisnéis nó aon chineál ionstraime beartais. Má tá an liosta beart rófhada, luafaidh na Ballstáit anseo na príomhchritéir incháilitheachta agus tabharfaidh siad an liosta mar chomhad ar leithligh. Sonróidh na Ballstáit na luachanna saolré a thoimhdeofar le haghaidh na gcineálacha nó catagóirí éagsúla gníomhaíochtaí trí Thábla 4 san Iarscríbhinn seo a úsáid.

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/1807/oj

(5) Sonróidh na Ballstáit na modhanna a úsáidtear i gcomhréir leis an típeolaíocht a shainítear in Iarscríbhinn V (1) a ghabhann le Treoir 2012/27/AE: (a) coigilteas measta/(b) coigilteas méadraithe/(c) coigilteas scálaithe/(d) coigilteas a ndearnadh suirbhéireacht air. Tabharfaidh na Ballstáit míniú i gcás ina n-úsáidtear cineál modha eile.

(6) Cuirfidh na Ballstáit míniú leis, go háirithe i gcás go n-úsáidtear modh atá éagsúil leis an modh a chuirtear i láthair i bpointe 2(i) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2012/27/AE agus i bpointe 2(p) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791).

(7) Míneoidh na Ballstáit an chaoi a gcomhlíonann an mhodheolaíocht ríofa pointí (a) go (c) d'Iarscríbhinn V (2) a ghabhann le Treoir 2012/27/AE agus pointí (a) go (f) d'Iarscríbhinn V(2) a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791.

(8) Míneoidh na Ballstáit an chaoi a gcuirtear forluí den sórt sin san áireamh sna ríomhanna coigiltis, mar shampla idirghníomhaíochtaí idir insliú ballaí agus athsholáthar córas téimh.

(9) Míneoidh na Ballstáit an chaoi a n-áirithítear fíorú samplaí ionadaíocha staitisticiúla, agus sonróidh siad na critéir a úsáidtear chun samplaí ionadaíocha a shainiú agus a roghnú.

Tábla 3

Faisnéis maidir le bearta cánachais

Uimhir Bheartais agus Bhirt	S	
Fad an bhirt cánachais (pointe 5(k)(iv) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2012/27/AE agus pointe 5(q)(iv) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791)	S	
Údarás poiblí cur chun feidhme (pointe 5(k)(ii) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2012/27/AE agus pointe 5(q)(ii) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791)	S	
Sprioc-earnálacha agus deighleog na gcáiníocóirí (pointe 5(k)(i) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2012/27/AE agus pointe 5(q)(i) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791) (1)	S	
Foinsí faisnéise (lena n-áirítear an tagairt don dlí nó do théacsanna dlíthiúla ábhartha eile)	S	
Coigilteas measta le haghaidh 2021-2030 agus fad na tréimhse/na dtréimhsí oibleagáide (pointí 5(d) agus 5(e) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2012/27/AE nó pointí 5(e) agus 5(j) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791)		
Coigilteas measta carnach fuinnimh úsáide deiridh don tréimhse 2021-2030 (ktoe)	S	
Coigilteas measta nua bliantúil fuinnimh úsáide deiridh (ktoe in aghaidh na bliana) (2)	Smi	
2021	Smi	
2022	Smi	
2023	Smi	
2024	Smi	
2025	Smi	
2026	Smi	
2027	Smi	
2028	Smi	
2029	Smi	

2030	Smi	
Mínithe comhlántacha (i gcás inarb ábhartha)	D	
Faisnéis ghinearálta maidir leis an modheolaíocht ríofa		
An modh/na modhanna ríofa a úsáidtear ([3])	S	
Cur chuige maidir le coigilteas a ríomh (pointe 4(a) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2012/27/AE agus pointe 4(a) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791) ([4])	S	
Leaisteachais (ghearrthéarmacha) (pointe 4(b) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2012/27/AE agus pointe 4(b) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791) ([5])	Smi	
Leaisteachais (fhadtéarmacha) (pointe (4)(b) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2012/27/AE) ([6])	Smi	
An chaoi a dtugtar aghaidh ar shaolréanna sna ríomhanna coigiltis (pointe 2(i) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2012/27/AE agus pointe 2(n) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791) ([7])	S	
Cén chaoi a seachnaítear áireamh dúbailte le bearta beartais eile? (pointe 4(c) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2012/27/AE agus pointe 4(c) d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir (AE) 2023/1791)	S	
Neamhspleáchas ar an údarás poiblí cur chun feidhme ([8])	S	
Mínithe comhlántacha agus foinsí faisnéise	D	

Nodaireacht: S = sainordaitheach; Smi = sainordaitheach más infheidhme; D = deonach

Nótaí:

([1]) Sonróidh na Ballstáit na hearnálacha (cónaitheach; an earnáil seirbhísí; earnáil na tionsclaíochta; iompar; eile a cuireadh san áireamh.

([2]) Líonfaidh na Ballstáit an réimse seo isteach i gcás ina mbeidh coigilteas measta nua bliantúil fuinnimh úsáide deiridh cobhsaí. Má mheastar go dtiocfaidh athrú ar an gcoigilteas nua bliantúil fuinnimh úsáide deiridh le himeacht ama, líonfaidh an Ballstát na réimsí isteach in aghaidh na bliana.

([3]) Míneoidh na Ballstáit an tsamhail a úsáidtear chun an coigilteas a ríomh, má chuirtear leaisteachais ghearrthéarmacha agus/nó fhadtéarmacha san áireamh agus an chúis leis sin, na hathróga a cuireadh san áireamh sa tsamhail agus an chaoi a roghnaíodh iad.

([4]) Míneoidh na Ballstáit an modh chun anailís a dhéanamh ar thionchair ar thomhaltas fuinnimh leis an mbeart cánachais agus ina éagmais (cás frithfhíorasach); An chaoi a sainítear cás frithfhíorasach, agus an chaoi a n-áirithítear go gcuirtear, ar a laghad, íosleibhéil cánachais an Aontais san áireamh.

([5]) I gcás inarb ábhartha, míneoidh na Ballstáit an chaoi a sainítear leaisteachais ghearrthéarmacha, rud a áiritheoidh go léireoidh siad freagrúlacht an éilimh fuinnimh ar athruithe ar an bpraghas. Luafaidh na Ballstáit na foinsí sonraí atá le húsáid chun na leaisteachais a shainiú.

([6]) I gcás inarb ábhartha, míneoidh na Ballstáit an chaoi a sainítear leaisteachais fhadtéarmacha, rud a áiritheoidh go léireoidh siad freagrúlacht an éilimh fuinnimh ar athruithe ar an bpraghas. Luafaidh na Ballstáit na foinsí sonraí atá le húsáid chun na leaisteachais a shainiú.

([7]) Míneoidh na Ballstáit an chaoi a n-áirithítear leis an modheolaíocht ríofa nach féidir ach coigilteas ó ghníomhaíochtaí aonair a chuirtear chun feidhme tar éis an 31 Nollaig 2020 agus roimh an 31 Nollaig 2030 a chur san áireamh.

([8]) Míneoidh na Ballstáit an chaoi a n-áirithítear neamhspleáchas mheastóir/mheastóirí an choigiltis fuinnimh ar an mbeart cánachais.

Tábla 4

Faisnéis faoi shaolré na ngníomhaíochtaí aonair atá incháilithe do na beartais agus na bearta a thuairiscítear le haghaidh Airteagal 7 de Threoir 2012/27/AE agus Airteagal 8 de Threoir (AE) 2023/1791

Gníomhaíochtaí incháilithe	Earnáil úsáide deiridh	Luach saolré measta (i mblianta)	Toimhdí maidir le hathruithe féideartha sa choigilteas fuinnimh in imeacht ama	Foinse nó modh a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar an saolré agus toimhdí gaolmhara
Smi	Smi	Smi	Smi	Smi
Gníomhaíocht 1				
Gníomhaíocht 2				
Gníomhaíocht 3				

Nodaireacht: Smi = sainordaitheach más infheidhme'

IARSCRÍBHINN VI

'IARSCRÍBHINN XI

FAISNÉIS FAOIN gCOIGILTEAS FUINNIMH A BHAINTEAR AMACH FAOI AIRTEAGAL 7 DE THREOIR 2012/27/AE AGUS AIRTEAGAL 8 DE THREOIR (AE) 2023/1791

Tábla 1

Coigilteas fuinnimh a baineadh amach trí Airteagal 7 de Threoir 2012/27/AE agus Airteagal 8 de Threoir (AE) 2023/1791 i mbliain X-2

Uimhir Bheartais agus Bhirt	Aonad	Teaghla-igh leochail-eacha ar a dtugtar aghaidh ([2])	Coigilteas deiridh fuinnimh a bhaintear amach trí scéimeanna náisiúnta um oibleagáid éifeachtúlachta fuinnimh dá dtagraítear in Airteagal 7a de Threoir 2012/27/AE nó in Airteagal 9 de Threoir (AE) 2023/1791 nó bearta malartacha arna nglacadh i gcur i bhfeidhm Airteagal 7b den Treoir sin (seachas Airteagal 7(4), pointe (c) den Treoir sin) nó Airteagal 10 de Threoir (AE) 2023/1791			Dar coigilteas deiridh fuinnimh a bhaintear amach le beartais agus bearta arb é is aidhm dóibh bochtaineacht fuinnimh a laghdú i gcomhréir le hAirteagal 7(11) de Threoir 2012/27/AE nó Airteagal 8(4) de Threoir (AE) 2023/1791			An méid coigiltis deiridh fuinnimh a bhaintear amach i gcomhréir le hAirteagal 7(4), pointe (c) de Threoir 2012/27/AE nó le hAirteagal 8(8), pointe (c) de Threoir (AE) 2023/1791		
			An coigilteas bliantúil úsáide deiridh iomlán a baineadh amach i mBliain X-2 ([3])	Maidir leis an méid sin, an coigilteas a baineadh amach i mBliain X-2 ó ghníomhaíochtaí nua a cuireadh i bhfeidhm i mBliain X-2 agus uathu sin amháin	An coigilteas carnach úsáide deiridh iomlán a bhaintear amach ó 2021 go Bliain X-2	An coigilteas bliantúil úsáide deiridh iomlán a baineadh amach i mBliain X-2 ([3])	Maidir leis an méid sin, an coigilteas a bhaintear amach i mBliain X-2 ó ghníomhaíochtaí nua a cuireadh i bhfeidhm i mBliain X-2 agus uathu sin amháin	An coigilteas carnach úsáide deiridh iomlán a bhaintear amach ó 2021 go Bliain X-2	An coigilteas bliantúil úsáide deiridh iomlán a baineadh amach i mBliain X-2 ([3])	Maidir leis an méid sin, an coigilteas a bhaintear amach i mBliain X-2 ó ghníomhaíochtaí nua a cuireadh i bhfeidhm i mBliain X-2 agus uathu sin amháin	An coigilteas carnach úsáide deiridh iomlán a bhaintear amach ó 2021 go Bliain X-2
S		S	S	S	S	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}
Uimhir Bheartais agus Bhirt 1	ktoe										
Uimhir Bheartais agus Bhirt 2	ktoe										
Cuir rónna breise leis, de réir mar is gá	ktoe										

Nodaireacht: Tuairisciú don bhliain féilire X-2, X = bliain tuairiscithe, S = sainordaitheach; S_{mi} = sainordaitheach más infheidhme.

Nótaí:

([1]) Tabharfaidh na Ballstáit tuairisc ar an scéim náisiúnta um oibleagáid éifeachtúlachta fuinnimh agus ar bhearta malartacha de bhun Airteagail 7a agus 7b de Threoir 2012/27/AE agus Airteagail 9 agus 10 de Threoir (AE) 2023/1791.

([2]) Roghnóidh na Ballstáit ó na roghanna seo a leanas an gcuirtear san áireamh teaghlaigh leochaileacha, lena n-áirítear iad siúd a ndéantar difear dóibh le bochtaineacht fuinnimh agus, i gcás inarb iomchuí, i dtithíocht shóisialta: Cuirtear; Ní chuirtear. Le haghaidh an tsainmhínithe ar theaghlaigh leochaileacha, tugtar treoraíocht in Airteagal 28 de Threoir (AE) 2019/944 agus Airteagal 3(3), pointe (d) de Rialachán (AE) 2018/1999.

([3]) An coigilteas bliantúil úsáide deiridh iomlán a bhaintear amach i mBliain X-2, i.e. méid an choigiltis ó ghníomhaíochtaí nua a chuirtear i bhfeidhm ó 2021 go Bliain X-3 a leanann de bheith ag soláthar coigiltis in X-2, agus saolréanna coigiltis á gcur san áireamh.

Tábla 2

Coigilteas fuinnimh a baineadh amach trí Airteagal 7 de Threoir 2012/27/AE agus Airteagal 8 de Threoir (AE) 2023/1791 i mbliain X-3[1]

Uimhir Bheart-ais agus Bhirt	Aonad	Teaghlaigh leochaileacha ar a dtugtar aghaidh ([1])	Coigilteas deiridh fuinnimh a bhaintear amach trí scéimeanna náisiúnta um oibleagáid éifeachtúlachta fuinnimh dá dtagraítear in Airteagal 7a de Threoir 2012/27/AE agus Airteagal 9 de Threoir (AE) 2023/1791 nó bearta malartacha arna nglacadh i gcur i bhfeidhm Airteagal 7b den Treoir sin (seachas Airteagal 7(4), pointe (c) den Treoir sin) agus Airteagal 10 de Threoir (AE) 2023/1791			Dar coigilteas deiridh fuinnimh a bhaintear amach le beartais agus bearta arb é is aidhm dóibh bochtaineacht fuinnimh a laghdú i gcomhréir le hAirteagal 7(11) de Threoir 2012/27/AE agus Airteagal 8(4) de Threoir (AE) 2023/1791			An méid coigiltis deiridh fuinnimh a bhaintear amach i gcomhréir le hAirteagal 7(4), pointe (c) de Threoir 2012/27/AE agus le hAirteagal 8(8), pointe (c) de Threoir (AE) 2023/1791		
			An coigilteas bliantúil úsáide deiridh iomlán a bhaintear amach i mBliain X-3 ([2])	Maidir leis an méid sin, an coigilteas a baineadh amach i mBliain X-3 ó ghníomhaíochtaí nua a cuireadh i bhfeidhm i mBliain X-3 agus uathu sin amháin	An coigilteas carnach úsáide deiridh iomlán a bhaintear amach ó 2021 go Bliain X-3	An coigilteas bliantúil úsáide deiridh iomlán a bhaintear amach i mBliain X-3 ([2])	Maidir leis an méid sin, an coigilteas a baineadh amach i mBliain X-3 ó ghníomhaíochtaí nua a cuireadh i bhfeidhm i mBliain X-3 agus uathu sin amháin	An coigilteas carnach úsáide deiridh iomlán a bhaintear amach ó 2021 go Bliain X-3	An coigilteas bliantúil úsáide deiridh iomlán a bhaintear amach i mBliain X-3 ([2])	Maidir leis an méid sin, an coigilteas a baineadh amach i mBliain X-3 ó ghníomhaíochtaí nua a cuireadh i bhfeidhm i mBliain X-3 agus uathu sin amháin	An coigilteas carnach úsáide deiridh iomlán a bhaintear amach ó 2021 go Bliain X-3
S		S	S	S	S	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}
Uimhir Bheartais agus Bhirt 1	ktoe										
Uimhir Bheartais agus Bhirt 2	ktoe										
Cuir rónna breise leis, de réir mar is gá	ktoe										

Nodaireacht: Tuairisciú don bhliain féilire X-3, X = bliain tuairiscithe; S = sainordaitheach; S_{mi} = sainordaitheach más infheidhme.

Nótaí:

([1]) Roghnóidh na Ballstáit ó na roghanna seo a leanas an gcuirtear san áireamh teaghlaigh leochaileacha, lena n-áirítear iad siúd a ndéantar difear dóibh le bochtaineacht fuinnimh agus, i gcás inarb iomchuí, i dtithíocht shóisialta: Cuirtear; Ní chuirtear. Le haghaidh an tsainmhínithe ar theaghlaigh leochaileacha, tugtar treoraíocht in Airteagal 28 de Threoir (AE) 2019/944 agus Airteagal 3(3), pointe (d) de Rialachán (AE) 2018/1999.

([2]) An coigilteas bliantúil úsáide deiridh iomlán a bhaintear amach i mBliain X-3, i.e. méid an choigiltis ó ghníomhaíochtaí nua a chuirtear i bhfeidhm ó 2021 go Bliain X-4 a leanann de bheith ag soláthar coigiltis in X-3, agus saolréanna coigiltis á gcur san áireamh.'

IARSCRÍBHINN VII

'IARSCRÍBHINN XIII

DUL CHUN CINN I dTREO MAOINITHE

Tábla 1

Dul chun cinn i dtreo maoinithe

Uimhir/ uimhreacha bheartais agus bhirt lena mbaineann an tuairisciú ([1])	Teicneolaíochtaí/ réitigh incháilithe	Toimhdí infheistíochta tosaigh (EUR)						Infheistíocht iarbhír suas le X-2 (EUR)						Infheistíochtaí atá le cur chun feidhme go fóill (EUR)						Airgeadra ([2])	Faisnéis chomhlántach maidir le hinfheistíochtaí ([3])	Foinsí ina mionsonraítear an infheistíocht	Cúiseanna leis an diall ([4])
		Iomlán	Lena n-áirítear, poiblí náisiúnta	STA AE	Cistí eile de chuid an Aontais	Príobháideach	Bliain phraghsála	Iomlán	Lena n-áirítear, poiblí náisiúnta	STA AE	Cistí eile de chuid an Aontais	Príobháideach	Bliain phraghsála	Iomlán	Lena n-áirítear, poiblí náisiúnta	STA AE	Cistí eile de chuid an Aontais	Príobháideach	Bliain phraghsála				
S	Smi	S	Smi	Smi	Smi	Smtfa	S	S	Smi	Smi	Smi	Smtfa	S	S	Smi	Smi	Smi	Smtfa	S	S	D	D	Smi
Beartais agus bearta 1, nó grúpa beartas agus beart																							
Beartas agus beart 2, nó grúpa beartas agus beart																							

Cuir rónna breise leis, de réir mar is gá																								

Nodaireacht: X = bliain tuairiscithe; S = sainordaitheach; S_{mtfa} = Sainordaitheach má tá fáil air; D = deonach.

Nótaí:

([1]) Ba cheart do na Ballstáit gach uimhir Bheartais agus Bhirt lena mbaineann an tuairisciú a liostú. Ba cheart rónna ar leithligh a úsáid chun tuairisciú a thabhairt ar Bheartais agus Bearta a nó grúpaí éagsúla Beartas agus Beart.

([2]) Roghnóidh na Ballstáit ó na roghanna seo a leanas (is féidir rogha amháin a roghnú): EUR; BGN; HRK; CZK; DKK; HUF; PLN; RON; SEK.

([3]) Féadfaidh na Ballstáit tuilleadh sonraí a sholáthar maidir leis na hinfheistíochtaí nach féidir a léiriú sna réimsí roimhe seo.

([4]) I gcás inarb infheidhme, míneoidh na Ballstáit an fáth a bhfuil difríocht shubstaintiúil idir infheistíochtaí iarbhír agus/nó infheistíochtaí atá fágtha agus na toimhdí tosaigh.'

IARSCRÍBHINN VIII

'IARSCRÍBHINN XV

BEARTAIS AGUS BEARTA CHUN DEIREADH A CHUR DE RÉIR A CHÉILE LE FÓIRDHEONTAIS FUINNIMH, GO hÁIRITHE LE hAGHAIDH BREOSLAÍ IONTAISE AGUS CUSPÓIRÍ NÁISIÚNTA CHUN DEIREADH A CHUR DE RÉIR A CHÉILE LE FÓIRDHEONTAIS FUINNIMH

Tábla 1

Beartais agus bearta chun deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais fuinnimh, go háirithe le haghaidh breoslaí iontaise ([1])

Ainm an bheartais (Béarla)	Ainm an bheartais (Teanga áitiúil)	**Tuairisc** ([2])	Earnáil ([3])	Cuspóir ([4])	Iompróir ([5])	Catagóir ([6])	Tréimhse cur chun feidhme		Méideanna an fhóirdheontais			**Faisnéis faoin bhfoinse**	**Barúil**
							Tús ([7])	Deireadh ([8])	X-3 ([9])	X-2 ([9])	Airgeadra ([10])		
S	S	S	S	S	S	S	S	S	S_{mtfa}	S	S	S	S
Fóirdheontas 1													
Fóirdheontas 2													
Cuir ró breise leis, de réir mar is gá													

Nodaireacht: X = bliain tuairiscithe; S = sainordaitheach; S_{mtfa} = sainordaitheach má tá fáil air.

Nótaí:

([1]) Áireoidh na Ballstáit na beartais agus na bearta uile ar fóirdheontais fuinnimh iad, go háirithe fóirdheontais le haghaidh breoslaí iontaise, gan beann ar an bhfoirm trína soláthraítear an tacaíocht. Chun na críche sin, déantar an tábla a réamhlódáil trí úsáid a bhaint as sonraí a bhailítear faoi raon feidhme Airteagal 35(2) pointe (n), de Rialachán (AE) 2018/1999 chun tuairisciú a éascú. Deimhneoidh nó leasóidh na Ballstáit na sonraí réamhlódáilte agus tabharfaidh siad míniú ar na hathruithe. Féadfar a áireamh ar na hathruithe sin tuairisc ghairid ar chur chuige malartach chun fóirdheontais fuinnimh a shainaithint, lena n-áirítear fóirdheontais do bhreoslaí iontaise.

([2]) Áireofar sa tuairisc míniú ar an mbeart, ar a fhaighteoirí agus ar a chuspóir, agus béim ar leith á leagan ar cé acu a thug nó nár thug sé aghaidh ar chuspóirí a bhaineann le bochtaineacht fuinnimh, iomaíochas eacnamaíoch earnálacha, dícharbónú, nó slándáil fuinnimh. I gcás inar beart sealadach é an beart sin, léireofar sa tuairisc freisin an dtacaíonn sé leis na cuspóirí thuasluaite i gcásanna eisceachtúla nó i ngéarchéim.

([3]) Roghnóidh na Ballstáit ó na roghanna seo a leanas: Earnáil an fhuinnimh (más féidir, roghnaigh ó na fo-earnálacha seo a leanas: ENER-Eastóscadh breosla iontaise; ENER-Barra fuinnimh; ENER-Tiontú; ENER-Tiontú-Scagadh; ENER-Tiontú-GNL; ENER-Tiontú-CTÉ; ENER-Tiontú-Táirgeadh leictreachais; ENER-Tiontú-Téamh & Fuarú; ENER-Tiontú-Bithbhreoslaí leachtacha; ENER-Tiontú-Táirgeadh bithgháis; ENER-Tiontú-Táirgeadh hidrigine; ENER-Bonneagar; ENER-Bonneagar-Tarchur; ENER-Bonneagar-Dáileadh; ENER-Bonneagar-T&D; ENER-Bonneagar-Stóráil; ENER-Díchoimisiúnú sócmhainní; ENER-Bainistiú dramhaíola; ENER-Miondíol); Talmhaíocht (más féidir, roghnaigh ceann de na fo-earnálacha seo a leanas: AGRI-Barra, táirgeadh ainmhithe, seilg; AGRI-Foraoiseacht agus lománaíocht; AGRI-Iascach agus dobharshaothrú); Tógáil; Mianadóireacht; An earnáil tionsclaíochta (más féidir, roghnaigh ceann de na fo-earnálacha seo a leanas: INDU-Tionsclaíocht dianfhuinnimh (earnálacha tionsclaíocha a chumhdaítear le Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais); INDU-Tionsclaíocht nach bhfuil dian ar fhuinneamh); Iompar (TRANS-Aeriompar; TRANS-Iompar d'iarnród; TRANS-Iompar de bhóthar; TRANS-Iompar d'uisce; TRANS-Iompar poiblí); Seirbhísí (an earnáil threasach); Teaghlaigh (más féidir, roghnaigh ceann de na fo-earnálacha seo a leanas: Teaghlaigh; Teaghlaigh-Ísealioncam); Poiblí; Trasearnálacha (earnálacha iolracha); Earnálacha eacnamaíocha.

([4]) Roghnóidh na Ballstáit ó na roghanna seo a leanas (is féidir roghanna breise a chur leis agus a shonrú faoi 'Eile'): Tacú le héileamh fuinnimh; Tacú le héifeachtúlacht fuinnimh; Tacú le hathchóiriú tionscail; Tacú le bonneagar; Tacú le táirgeadh; Eile.

(5) Roghnóidh na Ballstáit rogha amháin nó níos mó ó na roghanna seo a leanas: Breoslaí iontaise (más féidir, roghnaigh ceann de na fo-iompróirí seo a leanas: Breoslaí iontaise-Gach breosla iontaise; Breoslaí iontaise-Roinnt breoslaí iontaise; Breoslaí iontaise-Gual/Lignít; Breoslaí iontaise-Gás nádúrtha; Breoslaí iontaise-Gás mianach; Breoslaí iontaise-Gás scealla; Breoslaí iontaise-Amhola & GNL; Breoslaí iontaise-Ola & Gás; Breoslaí iontaise-Táirgí peitriliam; Breoslaí iontaise-PP-Gás-ola; Breoslaí iontaise-PP-Gás-ola cumaisc; Breoslaí iontaise-PP-Peitreal; Breoslaí iontaise-PP-Peitreal luaidhe; Breoslaí iontaise-PP-Peitreal gan luaidhe; Breoslaí iontaise-PP-Peitreal cumaisc; Breoslaí iontaise-PP-GPL; Breoslaí iontaise-PP-Ceirisín; Breoslaí iontaise-PP-Breoslaí muirí iontaise; Breoslaí iontaise-PP-Ola bhreosla throm; Breoslaí iontaise-Móin; Gach fuinneamh; Teas; Leictreachas; Núicléach; Bithfhuinneamh (más féidir, roghnaigh ceann de na fo-iompróirí seo a leanas: RES-Bithghás; RES-Bithmhais & bithghás; RES-Bithmhais (soladach); RES-Bithmhais dramhaíola soladaí cathrach; RES-Bithbhreoslaí leachtacha; RES-Bithbhreoslaí leachtacha-Bithdhíosal; RES-Bithbhreoslaí leachtacha-Bitheatánól); RES (más féidir, déan rogha de na fo-iompróirí seo a leanas: RES-Uile; RES-Roinnt; RES-Geoiteirmeach; RES-Teas; RES-Hidreafhuinneamh; RES-Fuinneamh muirí; RES-Grianfhuinneamh; RES-Fuinneamh gaoithe; RES-Fuinneamh gaoithe amach ón gcósta; RES-Fuinneamh gaoithe ar talamh); Hidrigin (más féidir, déan rogha de na fo-iompróirí seo a leanas: Breoslaí iontaise-Gach breosla iontaise; RES-Bithghás).

(6) Roghnóidh na Ballstáit ó na roghanna seo a leanas (is féidir roghanna breise a chur leis agus a shonrú faoi 'Eile'): Aistrithe díreacha (más féidir, roghnaigh ceann de na fochatagóirí seo a leanas: Iasachtaí ar lacáiste; Deontais; Eile); Caiteachais chánach (Laghdú cánach; Díolúine ó cháin; Aisíocaíocht chánach; Creidmheasanna cánach; Liúntas cánach; Eile); Ráta cánach éifeachtach i gcomparáid le tagarmharc; Praghsáil ró-íseal maidir le hearraí/seirbhísí (más féidir, déan rogha de na fochatagóirí seo a leanas: Praghsáil ró-íseal maidir le hacmhainní nó talamh atá faoi úinéireacht an rialtais; Praghsáil ró-íseal maidir le bonneagar atá faoi úinéireacht an rialtais; Praghsáil ró-íseal maidir le hearraí nó seirbhísí eile arna soláthar ag an rialtas); Ioncam nó tacaíochtaí praghsála (más féidir, déan rogha de na fochatagóirí seo a leanas: Íocaíochtaí acmhainne (sásraí um acmhainneacht leictreachais); Sainordú cumaisc maidir le bithbhreoslaí; Cuótaí RES le deimhnithe intrádála; Táillí difreáilte nascachta leis an eangach; Oibleagáidí maidir le héifeachtúlacht fuinnimh; Scéimeanna lóid in-idirbhriste; Conradh Difríochta; Préimheanna ar sholáthar leictreachais; Taraifí ar sholáthar leictreachais; Ráthaíochtaí maidir le praghas do thomhaltóirí (tacaíocht costais); Ráthaíochtaí maidir le praghas do thomhaltóirí (rialachán praghsála); Ráthaíochtaí maidir le praghas do tháirgeoirí (rialáil praghsála); Eile.

(7) An bhliain inar cuireadh chun feidhme an beartas lena gcumasaítear an fóirdheontas ar dtús.

(8) An bhliain a thiocfaidh deireadh leis an mbeartas cumasúcháin (nach mbeidh sé i bhfeidhm nó á chur chun feidhme a thuilleadh), tráth nach féidir na fóirdheontais a íoc a thuilleadh.

(9) Méideanna an fhóirdheontais arna n-íoc i luachanna ainmniúla airgeadra.

(10) Roghnóidh na Ballstáit ó na roghanna seo a leanas (is féidir rogha amháin a roghnú): EUR; BGN; HRK; CZK; DKK; HUF; PLN; RON; SEK.

Tábla 2

Dul chun cinn i dtreo cuspóirí náisiúnta maidir le deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais fuinnimh, go háirithe maidir le breoslaí iontaise ([1])

Cuspóirí náisiúnta nó pleananna a leagtar amach maidir le deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais fuinnimh, go háirithe maidir le breoslaí iontaise	Tuairisc	Spriocbhliain ([2])	Garspriocanna ([3])	Dul chun cinn i dtreo sprice/cuspóra ([4])	Céimeanna chun a áirithiú nach ndéanfaidh an deireadh a chuirfear de réir a chéile leo difear don tslándáil fuinnimh, don iomaíochas eacnamaíoch, lena n-áirítear i gcásanna urghnácha nó i gcásanna a bhaineann le géarchéimeanna, agus, go háirithe an iarrachtaí chun an bhochtaineacht fuinnimh a laghdú ([5])	Barúlacha ginearálta
S	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	D
Cuspóir/plean náisiúnta 1						
Cuspóir/plean náisiúnta 2						
Cuspóir/plean náisiúnta 3						
Cuir rónna breise leis, de réir mar is gá						

Nodaireacht: S = sainordaitheach; M_{iap} = sainordaitheach más infheidhme; D = deonach.

Nótaí:

([1]) Tuairisceoidh na Ballstáit aon chuspóir chun deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais breoslaí iontaise agus aon chuspóir chun deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais fuinnimh eile. Ba cheart do na Ballstáit a léiriú sa cholún tuairisce an leagtar síos an cuspóir sa reachtaíocht agus, más infheidhme, tagairt don reachtaíocht ábhartha a thabhairt.

Mura leagtar síos aon chuspóir chun deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais fuinnimh, tuairisceoidh na Ballstáit aon phlean chun gealltanas a dhéanamh deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais fuinnimh nó cuspóir chun deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais fuinnimh a leagan síos. Áireoidh na Ballstáit sa cholún tuairisce tuairisc ghairid ar na pleananna sin, agus soiléireoidh siad cathain a mheastar go mbeidh éifeacht leis an gealltanais sin.

([2]) Tabharfaidh na Ballstáit spriocbhliain inar cheart an cuspóir a bhaint amach.

([3]) Sonróidh na Ballstáit aon gharsprioc chainníochtúil. Mar shampla, deireadh 50 % faoi 2024, deireadh 100 % faoi 2026.

([4]) Tuairisceoidh na Ballstáit ar an dul chun cinn a dhéantar i dtreo an cuspóir agus na garspriocanna a bhaint amach, más ábhartha.

([5]) Tabharfaidh na Ballstáit tuairisc maidir le haon chéim a dhéantar chun a áirithiú nach ndéantar difear d'iarrachtaí bochtaineacht fuinnimh, slándáil fuinnimh agus iomaíochas eacnamaíoch a laghdú leis an deireadh a chuirfear de réir a chéile le fóirdheontais. Go háirithe, tuairisceoidh na Ballstáit maidir le cé acu a forbraíodh nó nár forbraíodh meastacháin ar thionchair eacnamaíocha nó eile ar theaghlaigh fhuinneamhbhochta a bhaineann le deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais breoslaí iontaise, cad iad na beartais nó na bearta atá i bhfeidhm nó atá beartaithe chun na tionchair sin a laghdú (mar shampla tacaíocht d'athchóirithe fuinnimh baile agus teicneolaíocht ard-éifeachtúlachta fuinnimh, amhail teaschaidéil leictreacha agus insliú tí).'

IARSCRÍBHINN IX

'IARSCRÍBHINN XVI

OIBLEAGÁIDÍ BREISE TUAIRISCITHE SA RÉIMSE FUINNIMH IN-ATHNUAITE

Tábla 1

Feidhmiú an chórais ráthaíochta tionscnaimh do leictreachas, gás agus téamh & fuarú ó RES

Gné thuairiscithe	Sonraíocht	Aonad	Bliain	
			X-3	X-2
Leictreachas				
Ráthaíochtaí tionscnaimh – eisithe (1)	S_{mi}	MWh		
Ráthaíochtaí tionscnaimh - cealaithe (2)	S_{mi}	MWh		
Gás				
Ráthaíochtaí tionscnaimh - eisithe	S_{mi}	MWh		
Ráthaíochtaí tionscnaimh - cealaithe	S_{mi}	MWh		
Téamh/fuarú				
Ráthaíochtaí tionscnaimh - eisithe	S_{mi}	MWh		
Ráthaíochtaí tionscnaimh - cealaithe	S_{mi}	MWh		
Bearta a dhéantar chun iontaofacht a áirithiú	S_{mi}	n/b		
Bearta a dhéantar chun an córas a chosaint in aghaidh calaoise	S_{mi}	n/b		

Nodaireacht: X = bliain tuairiscithe; S_{mi}= sainordaitheach más infheidhme

Nótaí:

(1) An líon ráthaíochtaí tionscnaimh in MWh a eisítear maidir le fuinneamh a tháirgtear ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite sa Bhallstát le linn na tréimhse tuairiscithe, bunaithe ar am táirgthe an fhuinnimh.

(2) An líon ráthaíochtaí tionscnaimh in MWh ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a cuireadh ar ceal le haghaidh fuinneamh a ídíodh sa Bhallstát le linn na tréimhse tuairiscithe.

Tábla 2

Athruithe ar phraghas tráchtearraí agus ar úsáid talún a bhaineann le húsáid bithmhaise agus cineálacha fuinnimh eile ó fhoinsí in-athnuaite

Tuairiscigh ar athruithe ar phraghsanna tráchtearraí agus ar úsáid talún laistigh den Bhallstát a bhfuil baint acu lena úsáid mhéadaithe ar bhithmhais agus cineálacha eile fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite ([1]) ([2])	Smi	

Nodaireacht: Smi = sainordaitheach más infheidhme.

Nótaí:

([1]) Tá athruithe ar phraghas tráchtearraí le tuairisciú ar an leibhéal náisiúnta (nó ar an leibhéal fonáisiúnta más infheidhme). Áirítear orthu sin aon athrú ar an bpraghas a bhaineann le barra bia agus beatha. (praghas méadaithe ar bhia/táirge de dheasca úsáid fuinnimh mhéadaithe an bhunábhair chéanna). Áirítear orthu sin freisin aon athrú ar an bpraghas a bhaineann le héileamh méadaithe ar bhithmhais foraoise le haghaidh úsáid fuinnimh – athruithe ar an bpraghas ar tháirgí ábhartha a dhéantar as dramhaíl agus dramhaíl iarmharach de dheasca úsáid fuinnimh mhéadaithe agus iomaíocht le haghaidh bunábhar.

([2]) Maidir le hathrú ar an úsáid talún, ná tuairiscigh ach ar an athrú talún iarmhír a úsáideadh le haghaidh bithmhais a thomhlaítear le haghaidh fuinnimh seachas an talamh talmhaíochta uile.

Tábla 3

Rótháirgeadh measta fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite i gcomparáid leis an gconair náisiúnta i dtreo sprioc 2030

Gné thuairiscithe	Sonraíocht	Aonad	2022	2023	2024	2025	2026	2027	2028	2029	2030
Rótháirgeadh measta mar thoradh ar fhoinsí in-athnuaite intíre (A)	S_{mi}	ktoe									
Táirgeadh measta mar thoradh ar thionscadail chomhpháirteacha idir na Ballstáit nó tionscadail chomhpháirteacha idir na Ballstáit agus tríú tíortha a chuirtear leis an rannchuidiú náisiúnta i dtreo sprioc 2030 (B)	S_{mi}	ktoe									
Táirgeadh measta mar thoradh ar scéimeanna tacaíochta comhpháirteacha a chuirtear leis an rannchuidiú náisiúnta i dtreo sprioc 2030 (C)	S_{mi}	ktoe									
Rótháirgeadh measta foriomlán (gan aistrithe staitisticiúla amach anseo a áireamh) (=A+B+C)	S_{mi}	ktoe									
Táirgeadh easnamhach measta mar thoradh ar fhoinsí in-athnuaite intíre (D)	S_{mi}	ktoe									

Nodaireacht: Smi = sainordaitheach más infheidhme

Tábla 4

Forbairt theicneolaíoch agus úsáid bithbhreoslaí a dhéantar as bunábhair a liostaítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001

Tuairiscigh forbairt theicneolaíoch agus úsáid bithbhreoslaí i do thír a dhéantar as bunábhair a liostaítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Treoir 2018/2001 ([1])	S	

Nodaireacht: S = sainordaitheach.

Nótaí:

([1]) Is féidir úsáid a thuairisciú i dtoilleadh suiteáilte agus i dtáirgeadh iarmhír bithbhreoslaí forbartha éagsúla bunaithe ar theicneolaíochtaí éagsúla. Chomh maith leis an líon suiteálacha agus an cineál bunábhair. Le forbairt, féadfar conairí teicneolaíochtaí éagsúla a liostú agus tuairisc ghairid a thabhairt maidir lena stádas ar mhodh cáilíochtúil (an chéim forbartha, an ghaireacht do ghlacadh margaidh, forbairtí le déanaí, infheistíochtaí).

Tábla 5

Tionchar a mheastar a bheith ag táirgeadh nó úsáid bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise ar an mbithéagsúlacht, acmhainní uisce, infhaighteacht agus cáilíocht uisce, ithreacha agus cáilíocht an aeir

Gné thuairiscithe	Táirgeadh bithbhreoslaí, bithleachtanna, bithmhais				Úsáid bithbhreoslaí, bithleachtanna, bithmhaise			
	Tionchar a mheastar a bheidh ag táirgeadh bithbhreoslaí, bithleachtanna, bithmhaise ([1])	Aonad	Tréimhse ama	Tuairisc ar na modhanna a úsáidtear chun meastachán a dhéanamh ar an tionchar ([1])	Tionchar measta maidir le húsáid bithbhreoslaí, bithleachtanna, bithmhaise ([1])	Aonad	Tréimhse ama	Tuairisc ar na modhanna a úsáidtear chun meastachán a dhéanamh ar an tionchar ([1])
	S_{mtfa}	S_{mtfa}	S_{mtfa}	S_{mtfa}	S_{mtfa}	S_{mtfa}	S_{mtfa}	S_{mtfa}
Bithéagsúlacht								
Stoc uisce (screamhuisce, uisce dromchla) & infhaighteacht uisce								
Ithreacha								
Cáilíocht an aeir								

Nodaireacht: S_{mtfa} = Sainordaitheach má tá fáil air.

Nótaí:

([1]) Is féidir tuairisc a thabhairt ar bhealach cainníochtúil agus cáilíochtúil ar na tionchair mheasta agus ar na modhanna a úsáidtear. Má thugtar tuairisc ar thionchair chainníochtúla, sonraigh an t-aonad agus an tréimhse ama lena mbaineann siad.

Tábla 6

Cásanna calaoise a tugadh faoi deara sa slabhra coimeádta bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise

Tabhair tuairisc ar chásanna calaoise a tugadh faoi deara sa slabhra coimeádta bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise	S_{mi}	

Nodaireacht: Smi = sainordaitheach más infheidhme

Tábla 7

An sciar dramhaíola in-bhithmhillte i ngléasraí aisghabhála fuinnimh a úsáidtear chun fuinneamh a tháirgeadh

		Bliain	
		X-3	X-2
An oibrítear gléasraí aisghabhála fuinnimh? ([1])	S_{mi}		
Má oibrítear			
An sciar dramhaíola in-bhithmhillte a úsáidtear (%)	S_{mi}		
An mhodheolaíocht chun meastachán a dhéanamh ar an sciar	S_{mi}		
Céimeanna a dhéantar chun na meastacháin a fheabhsú agus a fhíorú	S_{mi}		

Nodaireacht: X = bliain tuairiscithe; Smi = sainordaitheach más infheidhme
Nótaí:
([1]) Roghnóidh na Ballstáit ó na roghanna seo a leanas: Oibrítear; Ní oibrítear.

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/1807/oj

Tábla 8

An méid bithmhaise soladaí a úsáidtear maidir le táirgeadh fuinnimh

Gné thuairiscithe	Sonraíocht	Aonad	Bliain	
			X-3	X-2
1) An earnáil trasfhoirmithe (iomlán) ([1])	S	TJ NCV		
a) Leictreachas ([1])	S	TJ NCV		
b) Comhghiniúint cumhachta agus teasa ([1])	S	TJ NCV		
c) Teas ([1])	S	TJ NCV		
2) Tomhaltas fuinnimh deiridh san earnáil fuinnimh ([2])	S	TJ NCV		
3) Tomhaltas fuinnimh deiridh in earnáil na tionsclaíochta ([2])	S	TJ NCV		
4) Tomhaltas fuinnimh deiridh san earnáil chónaithe ([2])	S	TJ NCV		
5) Tomhaltas fuinnimh deiridh - eile ([2])	S	TJ NCV		

Nodaireacht: X = bliain tuairiscithe; S = sainordaitheach
Nótaí:
([1]) Méideanna bithmhaise (bithbhreoslaí soladacha) a úsáidtear mar ionchur Trasfhoirmithe le haghaidh giniúint leictreachais agus teasa sna catagóirí gaolmhara d'aonaid táirgthe (Leictreachas amháin, CTÉ agus Teas amháin), lena gcumhdaítear caillteanais trasfhoirmithe freisin.
([2]) Tomhaltas fuinnimh deiridh san earnáil léirithe. Áirítear san earnáil 'Eile', i measc nithe eile, talmhaíocht, foraoiseacht agus seirbhísí tráchtála/poiblí.

Tábla 9

Allmhairí agus onnmhairí breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch

	Sonraíocht	*Tuairisc*
Líon na mbreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a bhfuiltear ag súil lena n-allmhairiú	S	
Líon na mbreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a bhfuiltear ag súil lena n-onnmhairiú	S	
Rannchuidiú beartaithe le straitéis an Aontais maidir le hidrigin allmhairithe agus hidrigin intíre (de bhun Airteagal 22a(3) de Threoir (AE) 2018/2001)	S'	

IARSCRÍBHINN X

'IARSCRÍBHINN XVII

Ceanglais tuairiscithe breise i réimse na héifeachtúlachta fuinnimh

Tábla 1

Líon na n-iniúchtaí fuinnimh a rinneadh sa bhliain X-3 agus sa bhliain X-2. Sa bhreis air sin, líon measta iomlán na gcuideachtaí móra ina gcríoch i gcás gurb infheidhme Airteagal 8(4) de Threoir 2012/27/AE dóibh agus an líon n-iniúchtaí fuinnimh a rinneadh sna fiontair sin sa bhliain X-3 agus sa bhliain X-2

Gné thuairiscithe	Sonraíocht	Aonad	Bliain	
			X-3	X-2
Líon iomlán na n-iniúchtaí fuinnimh a rinneadh	S	uimhir		
An líon cuideachtaí móra a bhfuil ceangal dlí orthu [1] a bhfuil feidhm ag Airteagal 8(4) de Threoir 2012/27/AE maidir leo	S	uimhir		
An líon iniúchtaí fuinnimh a rinneadh i gcuideachtaí móra a bhfuil ceangal dlí orthu a bhfuil feidhm ag Airteagal 8(4) de Threoir 2012/27/AE maidir leo	S	uimhir		

Nodaireacht: X = bliain tuairiscithe; S = sainordaitheach.

Nótaí:

(1) Tá an sainmhíniú maidir leis na fiontair faoi raon feidhme Airteagal 8(4) de Threoir 2012/27/AE de réir shainmhíniú an Choimisiúin ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide, mar a chuimsítear i Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir leis an sainmhíniú ar mhicrifhiontair agus ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/1807/oj

Tábla 2

An líon iniúchtaí fuinnimh agus córas bainistithe fuinnimh a rinneadh sa bhliain X-3 agus sa bhliain X-2. Ina theannta sin, líon measta iomlán na gcuideachtaí faoi oibleagáid ina gcríoch a bhfuil feidhm ag Airteagal 8(4) de Threoir 2012/27/AE agus Airteagal 11(1) agus Airteagal 11(2) de Threoir (AE) 2023/1791 maidir leo agus líon na gcóras bainistithe fuinnimh, na gcóras bainistithe comhshaoil agus na n-iniúchtaí fuinnimh a rinneadh sna fiontair sin sa bhliain X-3 agus sa bhliain X-2

Gné thuairiscithe	Sonraíocht	Aonad	Bliain	
			X-3	X-2
Líon iomlán na n-iniúchtaí fuinnimh a rinneadh	S	uimhir		
An líon cuideachtaí móra a bhfuil ceangal dlí orthu a bhfuil feidhm ag Airteagal 11(2) de Threoir 2023/1791/AE maidir leo ([1])	S	uimhir		
An líon iniúchtaí fuinnimh a rinneadh i gcuideachtaí móra a bhfuil ceangal dlí orthu a bhfuil feidhm ag Airteagal 11(2) de Threoir 2023/1791/AE maidir leo ([1])	S	uimhir		
Líon iomlán na gcóras bainistithe fuinnimh a cuireadh chun feidhme ([2])	D	uimhir		
An líon cuideachtaí móra a bhfuil ceangal dlí orthu a bhfuil feidhm ag Airteagal 11(1) de Threoir 2023/1791/AE maidir leo ([2])	D	uimhir		
An líon córas bainistithe fuinnimh (agus córas bainistithe comhshaoil faoi Airteagal 11(11)) i gcuideachtaí faoi oibleagáid a bhfuil Airteagal 11(1) de Threoir (AE) 2023/1791 infheidhme maidir leo ([2])	D	uimhir		

Nodaireacht: X = bliain tuairiscithe; S = sainordaitheach.
Nótaí:
([1]) Le haghaidh tuairisciú 2025 i gcomhréir le hAirteagal 8(4) de Threoir 2012/27/AE
([2]) Infheidhme ó 2027 ar aghaidh, sainordaitheach ó 2029 ar aghaidh, i gcomhréir le hAirteagal 11(1) de Threoir (AE) 2023/1791

Tábla 3

Achar urláir iomlán na bhfoirgneamh a bhfuil achar urláir úsáideach iomlán iontu os cionn 250 m2 atá faoi úinéireacht agus ar áitiú ag rialtas láir na mBallstát nár chomhlíon, an 1 Eanáir sa bhliain X-2 agus sa bhliain X-3, na ceanglais maidir le feidhmíocht fuinnimh dá dtagraítear in Airteagal 5(1) de Threoir 2012/27/AE

Gné thuairiscithe	Sonraíocht	Aonad	Táscairí an 1 Eanáir den Bhliain X-3	Táscairí an 1 Eanáir den Bhliain X-2	Faisnéis bhreise
Achar urláir iomlán na bhfoirgneamh ina bhfuil achar urláir úsáideach iomlán thar 250 m^2 atá faoi úinéireacht agus ar áitiú ag rialtas láir na mBallstát	D	m^2			
Achar urláir iomlán na bhfoirgneamh nár chomhlíon na ceanglais maidir le feidhmíocht fuinnimh	S	m^2			

Nodaireacht: X = bliain tuairiscithe; S = sainordaitheach; D = deonach.

Tábla 4

Fachtóirí coinbhéartachta agus fachtóirí fuinnimh phríomhúil dá dtagraítear i bhfonóta (3) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2012/27/AE nó in Airteagal 31 de Threoir (AE) 2023/1791

Gné thuairiscithe	Sonraíocht	Aonad	Ainm an fhachtóra	Táscaire	Nótaí modheolaíochta ([1])
Fachtóir fuinnimh phríomhúil náisiúnta maidir le leictreachas	S	uimhir	Fachtóir fuinnimh phríomhúil le haghaidh leictreachais		
Fachtóir fuinnimh phríomhúil náisiúnta d'iompróir fuinnimh eile ([2])	D	uimhir			
Fachtóirí coinbhéartachta nó glanluachanna calracha atá éagsúil leis an luach réamhshocraithe arna sholáthar, de bhun Threoir (AE) 2023/1791 ([3])	S_{mi}	uimhir			

Nodaireacht: S = sainordaitheach; S_{mi} = sainordaitheach más infheidhme.
Nótaí:
([1]) Tá ar na Ballstáit tuilleadh faisnéise modheolaíochta a sholáthar maidir leis an modheolaíocht ríofa agus na sonraí foluiteacha.
([2]) Féadfar iompróirí breise fuinnimh a chur leis agus a shonrú.
([3]) Féadfar fachtóirí coinbhéartachta breise nó glanluachanna calracha a chur leis agus a shonrú.

Tábla 5

Nasc idirlín chuig an suíomh gréasáin inar féidir teacht ar an liosta nó ar an gcomhéadan de sholáthraithe seirbhísí fuinnimh dá dtagraítear in Airteagal 18(1), pointe (c) de Threoir 2012/27/AE nó in Airteagal 29(3) de Threoir (AE)2023/1791

Nasc idirlín chuig an suíomh gréasáin inar féidir teacht ar an liosta nó ar an gcomhéadan de sholáthraithe seirbhísí fuinnimh dá dtagraítear in Airteagal 18(1), pointe (c) de Threoir 2012/27/AE nó in Airteagal 29(3) de Threoir (AE) 2023/1791	S	
Tuilleadh sonraí nó barúlacha maidir le sonraí	D	

Nodaireacht: S = sainordaitheach; D = deonach.

Tábla 6

Achar urláir iomlán na bhfoirgneamh téite agus/nó fuaraithe ina bhfuil achar urláir úsáideach iomlán os cionn 250 m² atá faoi úinéireacht comhlachtaí poiblí

Gné thuairiscithe	Sonraíocht	Aonad	An 1 Eanáir 2024
Achar urláir iomlán na bhfoirgneamh ag a bhfuil achar urláir úsáideach iomlán os cionn 250 m², atá faoi úinéireacht comhlachtaí poiblí agus, an 1 Eanáir 2024, nach foirgnimh iad atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh (bonnlíne)	S	m²	
Tithíocht shóisialta phoiblí a áirítear sa bhonnlíne	Smi	m²	
Tithíocht shóisialta phoiblí a eisiatar ón mbonnlíne	Smi	m²	
Nasc chuig fardal na bhfoirgneamh poiblí (Airteagal 6(5) de Threoir (AE) 2023/1791)	S	nasc	

Nodaireacht: S = sainordaitheach; S_{mi} = sainordaitheach más infheidhme.

Tábla 7

Achar urláir iomlán na bhfoirgneamh téite agus/nó fuaraithe faoi úinéireacht comhlachtaí poiblí na mBallstát arna n-athchóiriú, dá dtagraítear in Airteagal 6 de Threoir (AE) 2023/1791

Gné thuairiscithe	Sonraíocht	Aonad	Táscairí an 1 Eanáir den Bhliain X-3	Táscairí an 1 Eanáir den Bhliain X-2	Faisnéis bhreise
Achar urláir iomlán sna foirgnimh ag a bhfuil achar urláir úsáideach iomlán os cionn 250 m², atá faoi úinéireacht comhlachtaí poiblí, agus a athchóiríodh ina bhfoirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh in aon bhliain ar leith	S_{mi}	m²			
Achar urláir iomlán na bhfoirgneamh ag a bhfuil achar urláir úsáideach iomlán os cionn 250 m², atá faoi úinéireacht comhlachtaí poiblí, agus a athchóiríodh ina bhfoirgnimh astaíochtaí nialasacha in aon bhliain ar leith	S_{mi}	m²			
Achar urláir iomlán na bhfoirgneamh a luaitear in Airteagal 6(2)(a), (b) nó (c), a bhfuil ceanglais nach bhfuil chomh dian céanna ann ina leith, agus a bhfuil achar urláir úsáideach iomlán os cionn 250 m² acu, atá faoi úinéireacht comhlachtaí poiblí, agus a ndearnadh athchóiriú orthu chun na ceanglais nach bhfuil chomh dian sin a chomhlíonadh in aon bhliain ar leith	S_{mi}	m²			
Méid an choigiltis fuinnimh a baineadh amach de bharr athchóiriú foirgneamh i mBliain X-3 agus X-2	D	ktoe			

Nodaireacht: X = bliain tuairiscithe; S_{mi} = sainordaitheach más infheidhme; D = deonach.

Tábla 8

An méid coigiltis fuinnimh i bhfoirgnimh incháilithe comhlachtaí poiblí dá dtagraítear in Airteagal 6(6) de Threoir (AE) 2023/1791 ([1])

Gné thuairiscithe	Sonraíocht	Aonad	Táscairí an 1 Eanáir den Bhliain X-3	Táscairí an 1 Eanáir den Bhliain X-2	Faisnéis bhreise
Meastachán ar an gcoigilteas fuinnimh a ghinfí le hAirteagal 6 den Treoir athmhúnlaithe maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, míreanna 1 go 4, trí úsáid a bhaint as luachanna caighdeánacha iomchuí le haghaidh tomhaltas fuinnimh i bhfoirgnimh na gcomhlachtaí poiblí tagartha roimh an athchóiriú agus ina dhiaidh, atá le hathrú ina bhfoirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh de in aon bhliain ar leith ([2])	S_{mi}	Aonaid fuinnimh			
Coigilteas fuinnimh a bhaintear amach i bhfoirgnimh comhlachtaí poiblí faoi Airteagal 6(6) den Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh	S_{mi}	Aonaid fuinnimh			
Líon na bpasanna athchóirithe arna n-eisiúint d'fhoirgnimh atá faoi úinéireacht comhlachtaí poiblí atá le hathchóiriú faoi 2040	D	uimhir			
Achar urláir iomlán na bhfoirgneamh atá faoi úinéireacht comhlachtaí poiblí ar tugadh isteach pasanna athchóirithe ina leith agus atá le hathchóiriú faoi 2040	S_{mi}	m^2			
Achar urláir iomlán na bhfoirgneamh atá faoi úinéireacht comhlachtaí poiblí nár tugadh pasanna athchóirithe isteach ina leith agus atá le hathchóiriú faoi 2040	D	m^2			
Achar urláir iomlán na bhfoirgneamh atá faoi úinéireacht comhlachtaí poiblí, agus a athchóiríodh ina bhfoirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh in aon bhliain ar leith	S_{mi}	m^2			
Achar urláir iomlán na bhfoirgneamh atá faoi úinéireacht comhlachtaí poiblí, agus a athchóiríodh ina bhfoirgnimh astaíochtaí nialasacha in aon bhliain ar leith	S_{mi}	m^2			

Nodaireacht: X = bliain tuairiscithe; S_{mi} = sainordaitheach más infheidhme; D = deonach.

Nótaí:

([1]) Tuairisceoidh na Ballstáit ar na beartais agus na bearta dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Threoir 2023/1791/AE.

([2]) Is féidir meastachán a thabhairt ar mhéid an choigiltis fuinnimh: is féidir coigilteas measta, coigilteas méadraithe, coigilteas scálaithe nó coigilteas a ndearnadh suirbhéireacht air a thuairisciú.'

IARSCRÍBHINN XI

'IARSCRÍBHINN XIX

BOCHTAINEACHT FUINNIMH

Tábla 1

Faisnéis chainníochtúil maidir leis an líon teaghlach atá i mbochtaineacht fuinnimh

An líon teaghlach i mbochtaineacht fuinnimh	Aonad ([1])	Bliain tagartha ([2])	Bliain an fhoilsithe	Táscaire/táscairí a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar líon na ndaoine atá i mbochtaineacht fuinnimh	Tuairisc má shainaithnítear an uimhir mar uimhir shuntasach
S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}

Nodaireacht: S_{mi} = Sainordaitheach más infheidhme.
Nótaí:
([1]) Roghnóidh na Ballstáit ó na roghanna seo a leanas (is féidir aonaid bhreise a chur leis agus a shonrú faoi 'eile'): dearbhuimhreacha; %; eile.
([2]) Féadfaidh na Ballstáit rogha a dhéanamh tréimhse thagartha a thuairisciú (e.g. an meán thar 3 bliana).

Tábla 2

Tuairisciú ar tháscairí náisiúnta agus spriocanna i ndáil le bochtaineacht fuinnimh

Táscaire ([1])	Tuairisc	Luach aonaid	Luachanna roimhe seo		An bhfuil táscaire bainteach le sprioc? (Tá/Níl)	Sprioc chainníochtaithe (líon/céatadán) an chuspóra (más infheidhme)	Dul chun cinn i dtreo na sprice (más infheidhme)			Tráchtaireacht ([2])	Foinse sonraí	Modheolaíocht (i gcás inarb ábhartha)
			x-2	x-3			Spriocbhliain	Bonnbhliain	Luach sa bhonnbhliain			
	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}
Táscaire (1)												
Táscaire (2)												
Táscaire (3)												
Táscaire (4)												
Cuir rónna breise leis, de réir mar is gá												

Nodaireacht: S_{mi} = sainordaitheach más infheidhme.

Nótaí:

([1]) Sa bhreis ar tháscairí sprice agus táscairí eile maidir le bochtaineacht fuinnimh, féadfaidh na Ballstáit tuairisciú ar tháscairí eile atá comhlántach leis an measúnú ar bhochtaineacht fuinnimh. D'fhéadfaí a áireamh orthu sin ioncam teaghlach, inacmhainneacht seirbhísí fuinnimh, staideanna agus trealamh tithíochta agus táscairí comhlántacha/neamhdhíreacha atá úsáideach chun an anailís maidir le spreagthóirí féideartha bochtaineachta fuinnimh a dhoimhniú. Féadfar táscairí a tharraingt ó bhunachar Fhaireachlann an Aontais um Stoic Foirgneamh.

([2]) Féadfaidh na Ballstáit míniú a thabhairt ar an dul chun cinn i dtreo an chuspóra náisiúnta tháscaigh nó na sprice náisiúnta táscaí chun an líon teaghlach i mbochtaineacht fuinnimh a laghdú. I gcás inarb ábhartha, soláthróidh na Ballstáit faisnéis maidir le treochtaí ginearálta nó tionchair ó chláir/bheartais eile, a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an táscaire/ar an dul chun cinn maidir leis an sprioc a bhaint amach.

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/1807/oj

Tábla 3

Faisnéis maidir leis an sainmhíniú náisiúnta ar bhochtaineacht fuinnimh

Sainmhíniú náisiúnta ar bhochtaineacht fuinnimh	Bliain an fhoilsithe	Bliain an leasaithe is déanaí	Tagairt don fhoilseachán (1)
S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}

Nodaireacht: Smi = Sainordaithe más infheidhme.

(1) Áireoidh na Ballstáit an t-airteagal nó an fhoráil leis an sainmhíniú agus an nasc nó an tagairt don iris oifigiúil.'

IARSCRÍBHINN XII

'IARSCRÍBHINN XXII

TUAIRISCIÚ AR CHUR CHUN FEIDHME MHOLTAÍ AN CHOIMISIÚIN DE RÉIR RIALACHÁN (AE) 2018/1999

Tábla 1

Tuairisciú ar chur chun feidhme na moltaí

Moladh	Cat-agóir an mholta (1)	Na beartais agus na bearta a glacadh, nó atá beartaithe le glacadh agus le cur chun feidhme, chun aghaidh a thabhairt ar an moladh	Tráthchlár mionsonraithe maidir le cur chun feidhme	Na cúiseanna nár tugadh aghaidh ar an moladh nó cuid mhór de
S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}	S_{mi}
Moladh 1				
Moladh 2				
Cuir rónna breise leis, de réir mar is gá				

Nodaireacht: S_{mi} = sainordaitheach más infheidhme.
Nótaí:
(1) Liosta na gcatagóirí a sholáthraítear sa leagan leictreonach den fhormáid tháblach.'

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/1807/oj